



2018

Comhairle na nDochtúirí Leighis

Tuarascáil Bhliantúil
agus Ráitis Airgeadais



Comhairle na nDochtúirí Leighis
Medical Council

Maidir le Comhairle na nDochtúirí Leighis

Is í Comhairle na nDochtúirí Leighis an comhlacht rialaitheach le haghaidh dochtúirí. Tá ról reachtach aici maidir leis an bpobal a chosaint trí na caighdeáin ghairmiúla is airde a chur chun cinn i measc dochtúirí atá i mbun cleachtais i bPoblacht na hÉireann.

Ní comhaltaí míochaine iad tromlach na Comhairle. Tá 25 comhalta ar an gComhairle agus ní comhaltaí míochaine 13 acu siúd agus is comhaltaí míochaine an 12 eile. Ní thugann an Stát aon mhaoiniú don Chomhairle agus is táillí clárúcháin na ndochtúirí an phríomhfhoinsé mhaoinithe atá aici.

Coinníonn Comhairle na nDochtúirí Leighis Clár Liachleachtóirí - Clár na ndochtúirí a bhfuil cead dlíthiúil acu obair mhíochaine a dhéanamh in Éirinn. Leagann an Chomhairle síos na caighdeáin maidir le hoideachas agus oiliúint mhíochaine in Éirinn. Déanann sí maoirsiú ar fhoghlaím ar feadh an tsaoil agus forbairt scileanna ar feadh gairmréimeanna trí na ceanglais atá aici maidir le hinniúlacht ghairmiúil. Tá sé de thasc aici dea-chleachtas míochaine a chur chun cinn.

Féadfaidh an pobal gearán a dhéanamh in aghaidh dochtúra le Comhairle na nDochtúirí Leighis



Clár na nÁbhar

Ráiteas an Uachtaráin agus an Leas-Uachtaráin	2
Athbhreithniú ar Luach Saothair an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin	3
Ráiteas straitéise 2014 – 2018	4
Ár mBunchuspóir, ár bhFís agus ár Luachanna	8
Comhaltaí na Comhairle amhail an 31 Bealtaine 2018	9
Comhaltaí na Comhairle amhail an 31 Nollag 2018	10
An Fhoireann Bainistíochta Feidhmiúcháin	11
Toghcháin agus Ceapacháin Chomhairle na nDochtúirí Leighis	13
Clárú	15
Caighdeáin Ghairmiúla	16
Inniúlacht Ghairmiúil	19
Oideachas, Oiliúint agus Gairmiúlacht	23
Taighde	25
Seirbhísí Corparáideacha	24
Bainistíocht Riosca	30
Na Ráitis Airgeadais	34
Aguisíní	68
Aguisín A	69
Aguisín B	78
Aguisín C	80
Aguisín D	86

Ráiteas an Uachtaráin agus an Leas-Uachtaráin



Cúis áthais dúinn Tuarascáil Bhliantúil agus Ráitis Airgeadais Chomhairle na nDochtúirí Leighis a fhoilsiú don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2018. Bliain eachtrúil ab ea í ag Comhairle na nDochtúirí Leighis ó bunaíodh Comhairle nua i mí an Mheithimh.

Caithfidimid tosú trí aitheantas a thabhairt do chomhaltaí na Comhairle a d'fhóin ó Mhí an Mheithimh 2013 go Mí na Bealtaine 2018, agus aitheantas faoi leith a thabhairt don Iar-Uachtarán, an tOllamh Freddie Wood. Ba mhaith linn buíochas a ghabháil le hiarchomhaltaí na Comhairle as a dtiomantas i rith a dtéarma.

I rith téarma na Comhairle ó 2013 go 2018 rinne an Chomhairle maoirsiú ar athruithe agus feabhsúcháin shuntasacha a rinneadh.

Is iondúil go ndéantar clárú ar líne anois agus cuireadh bearta éifeachtúla i bhfeidhm sa réimse seo.

Tá oideachas na bhfochéimithe míochaine á fheabhsú trí mhonatóireacht agus creidiúnú scoileanna leighis lena chinntiú go sásaíonn siad na caighdeáin. D'oibrigh Comhairle na nDochtúirí Leighis i gcomhar le comhlachtaí oiliúna iarchéimithe chun aghaidh a thabhairt ar neamhchomhlíonadh rátaí Inniúlachta Gairmiúla ó thaobh cur ar an rolla. Tá siad sin os cionn 98% anois.

I 2016 d'fhoilsigh an Chomhairle an 8ú hEagrán den Treoir um Iompar Gairmiúil agus Eitic le haghaidh Lia-chleachtóirí Cláraithe. Rinneadh an treoir a nuashonrú tar éis don Chomhairle bailchríoch a chur ar phróiseas cuimsitheach comhairliúcháin le baill an phobail, le dochtúirí agus le réimse eagraíochtaí comhpháirtíochta faoi cheisteanna a bhain le hiompar gairmiúil agus eitic dochtúirí.

Ní mór dúinn aitheantas a thabhairt d'obair agus do ghairmiúlacht foireann an Fheidhmeannais a lean orthu ag obair go dúthrachtach i gcaitheamh na bliana chun an sainordú a thugadh sa reachtaíocht do Chomhairle na nDochtúirí Leighis a chomhlíonadh.

Bliain ghnóthach ab ea 2018 ag an gComhairle agus bhí a lán buaicphointí ann. Leanamar ar aghaidh ag soláthar tacaíochta don chaidreamh idir dochtúirí agus othair nuair a d'fhoilsíomar leabhrán ilteangach faisnéise in Eanáir 2018 a sheol An tAire, Comhionannais, Inimisce agus Imeachta, an tUasal David Stanton.

Cuireadh tús le toghchán Chomhairle na nDochtúirí Leighis i mí an Mhárta 2018 nuair a thogh lucht na gairme seisear comhalta nua don Chomhairle. Chuir an Chomhairle nua ar a bhfuil 25 comhalta tús lena dtéarma ar an 1 de Mhí an Mheithimh 2018. Tá ról déach an-tábhachtach ag Comhairle na nDochtúirí Leighis maidir le hothair a chosaint agus tacú le dochtúirí agus beidh léargas, taithí agus moltaí na gcomhaltaí nua an-tairbheach go deo ó thaobh an dá ról sin a chomhlíonadh.

Maidir le cúrsaí eitice sheolamar treoir athbhreithnithe do dochtúirí faoi chaidreamh le lucht tionscail i mí na Bealtaine 2018, agus chuireamar tús le próiseas comhairliúcháin chun nuashonrú a dhéanamh ar an Treoir maidir le hlompar Gairmiúil agus Eitic do lia-chleachtóirí cláraithe i ndiaidh an Reifrinn ar an 8ú Leasú.

Thángthamar os comhair Coistí an Oireachtais i 2018 chun saincheisteanna suntasacha a phlé ar nós sainchomhairleoirí nach bhfuil ar chlár na speisialtóirí, nochtadh oscailte agus treoirlínte eiticíúla.

Táimid ag leanúint orainn i gcónaí ag tacú le dochtúirí trínár gCoiste Sláinte. Tá pearsanra míochaine agus gairmithe cúraim shláinte ina gcomhaltaí den choiste sin. Tá ról tábhachtach ag ár gCoiste Sláinte maidir le tacú le dochtúirí leanúint ar aghaidh lena gcleachtais le linn breoiteachta nó nuair a bhíonn deacrachtaí acu.

Táimid ag tnúth go mór leis na dúshláin agus leis na deiseanna a bheidh againn i 2019.

An Dr Rita Doyle **An Dr Anthony Breslin**
Uachtarán Leas-Uachtarán

Réamhrá an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin



Fáilte romhat chuig Tuarascáil Bhliantúil 2018 Chomhairle na nDochtúirí Leighis Chuir an Chomhairle a lán rudaí i gcrích i rith na bliana agus is ábhar pléisiúir dom forléargas a thabhairt sa Tuarascáil Bhliantúil ar an méid a baineadh amach.

Is iomaí buaicphointe a bhí ag Comhairle na nDochtúirí Leighis i 2018.

Chuireamar fáilte roimh an gComhairle Nua a thosaigh a dtéarma i mí an Mheithimh. Tionóladh an chéad chruinniú ar an 11 Iúil nuair a toghadh an Dr Rita Doyle ina hUachtarán agus atoghadh an Dr Anthony Breslin ina Leas-Uachtarán. Táim ag súil go mór le bheith ag obair leis an Dr Doyle agus leis an Dr Breslin agus lena gcomhchomhaltaí ar an gComhairle i gcaitheamh na gcúig bliana atá romhainn chun treo straitéiseach a cheapadh don Chomhairle trína ndíreoidimid ar othair a chosaint agus tacaíocht a thabhairt do dhochtúirí.

Ba mhaith liom aitheantas a thabhairt don Chomhairle a bhí ann roimhe seo agus don Iar-Uachtarán, An tOllamh Freddie Woods, a thug tacaíocht luachmhar dúinn i rith an téarma 2013-2018.

Rinne an Chomhairle Ráiteas Straitéis nua a dhréachtú i 2018 don tréimhse 2019-2023. Plean uailmhianach, nuálach is ea é a sheolfaimid go luath i 2019. Tháinig deireadh le Ráiteas Straitéise 2014 – 2018 ag deireadh théarma na Comhairle roimhe seo agus is cúis áthais dúinn gur éirigh linn cuid de na spriocanna straitéiseacha a bhaint amach a raibh cur síos orthu sa ráiteas sin.

Cuireadh tús lena lán feachtas forásach freisin i 2018, mar shampla, Safe Start - treoir do dhochtúirí atá ag tosú ag obair i gcúrsaí míochaine in Éirinn agus aistríodh leabhrán na Comhairle faoi shábháilteacht othar go cúig theanga faoi leith. Tá an leabhar teorach Safe Start leagtha amach chun tacaíocht agus cúnamh a thabhairt do dhochtúirí nach raibh cleachtas míochaine acu roimhe seo in Éirinn, do dhochtúirí a bhain amach a gcéimeanna le déanaí nó dochtúirí atá ag filladh anseo ó thar lear.

Tháingamar os comhair Coiste Sláinte an Oireachtais agus os comhair an Choiste um Chuntais Phoiblí i 2018 chun plé a dhéanamh ar cheisteanna mar shainchomhairleoirí nach raibh ar Chlár na Sainchomhairleoirí, nochtadh oscailte agus treoirlínte eiticíúla, inar leagadh béim ar ról na Comhairle.

D'fhoilsíomar Tuarascálacha i mí Lúnasa faoi Chigireachtaí a rinneadh ar Ionaid Oiliúna Cliniciúla sa Deisceart agus san Iardheisceart agus i nGrúpaí Ospidéal Saolta. Ba é an cuspóir a bhí le gach cuairt cigireachta ná measúnú a dhéanamh le féachaint an raibh agus an chaoi a raibh gach ionad oiliúna cliniciúil ag comhlíonadh chaighdeán Chomhairle na nDochtúirí Leighis le haghaidh ionaid oiliúna cliniciúla. Is é seo an chéad uair ar fhoilsíomar na tuarascálacha sin agus táimid ag súil le leanúint den phróiseas sin i gcás na nGrúpaí eile Ospidéal.

Chuamar i gcomhairle leis an ngairm agus le páirtithe leasmhara go minic, lena n-áirítear maidir le forbairt ár Ráiteas Straitéise, Cuid 11 Rialacha maidir le Slánaíocht Ghairmiúil agus treoirlínte eiticíúla tar éis don Acht Sláinte (Rialúchán um Dheireadh a chur le Toircheas) 2018 a bheith achtaithe.

Bhí Comhairle na nDochtúirí Leighis i láthair ag cruinniú de chuid Coiste Náisiúnta Roinn Oideachais SAM faoi Oideachas agus Creidiúnú Míochaine (NCFMEA) i Meán Fómhair 2018, inar cinneadh go raibh próisis creidiúnaithe Chomhairle na ndochtúirí Leighis inchomparáide leo siúd atá i bhfeidhm i SAM. Déanann sé seo éascú ar an chaoi go bhféadfaidh scoileanna míochaine in Éirinn leanúint ar aghaidh ag glacadh le mic léinn míochaine ó SAM a bhfuil deontais á fháil acu mar mhaoiniú.

Tá dul chun cinn suntasach déanta maidir le leasuithe a lorg ar Acht na Lia-Chleachtóirí 2007 agus táthar ag súil go bhfoilseofar reachtaíocht go luath i 2019 chun aghaidh a thabhairt ar chuid de na saincheisteanna a bhfuil béim leagtha againn féin agus ag an ngairm araon orthu.

Cuireadh roinnt saincheisteanna ar na súile dúinn rith na bliana. Ina measc siúd bhí an fhadhb maidir le hópóidigh a bheith á n-ordú go mícheart. Caithfidh cur le chéile thar réimse ár ngníomhaíochtaí chun freagra a thabhairt ar an scéal agus beidh sé mar chuid thábhachtach dár gcuid oibre sa bhliain atá amach romhainn.

Is cosúil go mbeidh go leor deiseanna agus dúshláin spreagúla ann i 2019 agus táimid ag tnúth le tús a chur leis an gcaibidil nua seo sna míonna atá romhainn.

William Prasifka
Príomhoifigeach Feidhmiúcháin


Ráiteas Straitéise 2014 - 2018

In 2014, thug Comhairle na nDochtúirí Leighis Ráiteas Straitéise isteach don tréimhse 2014 – 2018. Ceapadh treo nua don Chomhairle sa phlean agus rinneadh cur síos ar shé sprioc straitéiseacha a gcaithfear aghaidh a thabhairt orthu a bhfuil cúig bhunluach mar bhonn agus thaca acu.

Tá sé chuspóir straitéiseacha ceaptha ag an gComhairle dá téarma:

1. Clár éifeachtach, éifeachtúil a fhorbairt a bheidh freagrach do riachtanais athraitheacha an phobail agus na ngairme míochaine.
2. Timpeallacht a chruthú a thacóidh le foghlaim chun dea-chleachtas gairmiúil a chumasú.
3. Muinín an phobail agus na ngairme míochaine as próisis na Comhairle a choinneáil trí chur chuige comhréireach, spriocdhírthe a fhorbairt i leith gníomhaíochtaí rialála.
4. Taighde léargasach a dhéanamh agus tuilleadh rannpháirtíochta a chothú chun sábháilteacht othar a fheabhsú
5. Cultúr eagraíochta a thógáil a thacóidh le ceannaireacht agus le foghlaim.
6. Eagraíocht inbhuanaithe, ardfheidhmíochta a fhorbairt.

Tháinig deireadh le Ráiteas Straitéise 2014 - 2018 ag deireadh na bliana 2018. Fógrófar Ráiteas Straitéis 2019 - 2023 i mbliana.



BUAICPHOINTÍ A BAINÉADH AMACH I 2018 FAOIN RÁITEAS STRAITÉISE 2014 – 2018

CUSPÓIR STRAITÉISEACH 1

Clár éifeachtach, éifeachtúil a fhorbairt a bheidh freagrach do riachtanais an phobail agus na gairme míochaine

- ▶ Tar éis achtú Acht na Lia-Chleachtóirí (Leasú) 2017 trína n-éilítear ar na dochtúir chláraithe go léir go mbeadh íosleibhéil ó thaobh clúdach slánaíochta gairmiúla acu a shonróidh Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta, thionóil Comhairle na nDochtúirí Leighis comhairliúchán poiblí faoi rialacha Alt 11 maidir le slánaíocht ghairmiúil. Ceanglaíodh ar na dochtúirí go léir a bhí ag coimeád a gclárúchán ar an 1 Iúil 2018 dearbhú a sholáthar don Chomhairle maidir leis na socruithe atá acu maidir lena gcleachtais. Ag brath ar an dearbhú sin, ceanglaíodh ar 6,500 dochtúir cóip dá ndeimhniú slánaíochta a sholáthar don Chomhairle. D'fhóraigh an Chomhairle ansin gur chomhlíon an leibhéal cumhdaigh a leagadh amach sa deimhniú a cuireadh ar fáil na leibhéil a shocraigh an Ghníomhaireacht um Éilimh ar an Stát. Baineadh 14 dhochtúir den chlár i 2018 toisc gur theip orthu fianaise shásúil a sholáthar maidir le clúdach slánaíochta.
- ▶ Le linn 2018 d'oibrigh Comhairle na nDochtúirí Leighis go dlúth leis an Roinn Sláinte agus le páirtithe leasmhara ag ullmhú don Bhreathnóireacht i go leor réimsí.
- ▶ Bhí an deis ag Comhairle na nDochtúirí Leighis chur i láthair a dhéanamh do Chomhchoiste an Oireachtais um Shláinte faoi na hábhair inní a bhí ar an gComhairle maidir le dochtúirí a bhí ag obair mar shainchomhairleoirí is nach raibh ar Rannán Speisialtóirí an Chláir.

CUSPÓIR STRAITÉISEACH 2

Timpeallacht foghlama tacaíochta a chruthú chun an dea-chleachtadh gairmiúil a chumasú

- ▶ Bunaíodh Grúpa Oibre um Eitic chun athbhreithniú a dhéanamh ar an Treoir um Iompar Gairmiúil agus Eitic do Liachleachtóirí Cláraithe i ndiaidh an reifrinn ar an leasú ar an mBunreacht i ndáil le tabhairt isteach seirbhísí trína ndéanfar toirchis a fhoirceannadh in Éirinn. Rinne an grúpa oibre athbhreithniú ar an Treoir agus rinne siad moltaí do Chomhairle na nDochtúirí Leighis chun an Treoir a leasú sular tugadh isteach an tAcht Sláinte (Foirceannadh Toirchis a Rialáil) 2018 mar aon le leasuithe breise dlíte.
- ▶ Bhí deis ag Comhairle na nDochtúirí Leighis teacht os comhair Chomhchoiste Sláinte an Oireachtais chun ról na Comhairle a phlé maidir le treoir agus comhairle Eiticiúil a sholáthar do dhochtúirí.
- ▶ D'fhoilsigh Comhairle na nDochtúirí Leighis treoir nuashonraithe do dhochtúirí ar chaidreamh cuí le lucht tionscail, lena n-áirítear cuideachtaí cógaisíochta agus feistí leighis agus cuideachtaí tionsclaíocha eile.

CUSPÓIR STRAITÉISEACH 3

Muinín a choinneáil trí chur chuige comhréireach agus spriocdhírthe a fhorbairt i leith gníomhaíochtaí rialúcháin

3

- ▶ D'fhoilsigh Comhairle na nDochtúirí Leighis tuarascálacha faoin dhá thacar cigireachtaí a rinneadh ar naoi nOspidéal i nGrúpa Chúram Sláinte Ollscoile Saolta agus i nGrúpa Ospidéal an Deiscirt agus an Iardheiscirt mar chuid de ról Chomhairle na nDochtúirí Leighis maidir le dearbhú cáilíochta i gcúrsaí oideachais agus oiliúint liachta. Ba é an cuspóir a bhí le gach cuairt cigireachta ná measúnú a dhéanamh le féachaint an raibh, agus má bhí an chaoi a raibh, gach ionad oiliúna cliniúla ag comhlíonadh chaighdeáin Chomhairle na nDochtúirí Leighis le haghaidh ionaid oiliúna cliniúla.
- ▶ Thug Comhairle na nDochtúirí Leighis cuairt ar ghrúpaí ospidéal Bhaile Átha Cliath/Lár Tíre agus Ospidéal de Leanaí i mí na Samhna agus mí na Nollag 2018. Tugadh cuairt chríochnúil chigireachta ar naoi láithreán oiliúna cliniúla agus foilseofar tuairiscí ar na cuairteanna sin i 2019.
- ▶ I 2018, thug Comhairle na nDochtúirí Leighis cuairteanna athchreidiúnaithe ar thrí scoil leighis chun measúnú a dhéanamh a gcláir oideachais agus oiliúna liachta trí iontráil dhíreach. Ba iad sin Ollscoil RCSI-Perdana (An Mhalaeisia), Coláiste Ríoga na Máinleá in Éirinn Campas Mhalaeisia Choláiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath agus Coláiste na Tríonóide Baile átha Cliath.
- ▶ Díriodh i 2018 ar a chinntiú go bhfuil dochtúirí cláraithe rollaithe ar scéimeanna um inniúlacht ghairmiúil. Chinntigh gníomh spriocdhírthe gur feabhsaíodh na rátaí rollaithe go 99%.
- ▶ Rinneadh 33 cás a bhainistiú maidir le measúnú feidhmíochta i 2018 agus atreoraíodh 10 gcás nua.
- ▶ Fuarthas 396 gearán in aghaidh dochtúirí agus cuireadh bailchríoch ar 29 Fiosrúchán maidir le Feidhmiúlacht chun Cleachtadh.
- ▶ Bhí 48 dochtúir ag fáil tacaíochta ó Choiste Sláinte Chomhairle na nDochtúirí Leighis ag deireadh 2018.

CUSPÓIR STRAITÉISEACH 4

Sábháilteacht na n-othar a fheabhsú trí thaighde agus breis rannpháirtíochta

4

- ▶ Sheol Comhairle na nDochtúirí Leighis leabhrán dar teideal 'Ag Obair le do dhochtúir: faisnéis úsáideach d'othair'. Acmhainn luachmhar d'othair is ea é atá ar fáil i mBéarla, Gaeilge, Fraincis, Spáinnis agus Polainnis, agus ba é an tAire Stáit do Chomhionannas, Inimircé, agus Comhtháthú, David Stanton TD, a sheol é go hoifigiúil.
- ▶ Mar chuid dá thionscnamh Start Safe d'fhoilsigh Comhairle na nDochtúirí Leighis treoir do dhochtúirí nach bhfuil taithí acu ar leigheas a chleachtadh in Éirinn. Tá an treoir leagtha amach chun tacaíocht agus cúnamh a thabhairt do dhochtúirí nach raibh cleachtas míochaine acu roimhe seo in Éirinn, do dhochtúirí a bhain amach a gcéimeanna le déanaí nó dochtúirí atá ag filleadh anseo ó thíortha thar lear. Tá faisnéis riachtanach le fáil i Safe Start maidir le toiliú, forordú, cúram ag Deireadh Saoil, cuntais a choimeád, iompar ginearálta agus scileanna cumarsáide. San áireamh ann freisin tá acmhainní luachmhara a thacaíonn le folláine dochtúra agus cur síos ginearálta ar chóras sláinte na hÉireann.
- ▶ Tháinig Comhairle na nDochtúirí Leighis os comhair Coistí an Oireachtais i 2018 chun saincheisteanna suntasacha a phlé mar shampla sainchomhairleoirí nach bhfuil ar chlár na speisialtóirí, nochtadh oscailte agus treoirlínte eiticíúla.

CUSPÓIR STRAITÉISEACH 5

Cultúr eagraíochta a thógáil a thacóidh le ceannaireacht agus le foghlaim

5

- ▶ Foilsíodh céad Ráiteas na Comhairle faoi Fhreagracht Shóisialta Chorporáideach (CSR) i Mí Lúnasa 2018 ina raibh ceithre cholún lárnacha inar dhearbhaíodh ár dtiomantas chun dea-ionad oibre agus dea-eagraíocht a fhorbairt.
- ▶ Ceapadh Comhairle nua i 2018, ar a bhfuil seisear comhaltaí a toghadh go díreach ag lucht na gairme. Toghadh an Dr Rita Doyle mar Uachtarán.

CUSPÓIR STRAITÉISEACH 6

Eagraíocht inbhuanaithe & ardfheidhmíochta a fhorbairt

6

- ▶ D'éirigh le lucht TFC 25 tionscadal tábhachtach bonneagair a chur i bhfeidhm i rith na bliana chun feabhas a chur ar an mbonneagar TFC agus ar na beartais agus na nósanna imeachta a bhaineann leo.
- ▶ Tugadh isteach oiliúint, próisis agus beartais nua le haghaidh cur chun feidhme an Rialacháin Ghinearálta maidir le Cosaint Sonraí (GDPR)

Ár mBunchuspóir, ár bhFís agus ár Luachanna

Fís

Ceannaireacht a léiriú do dhochtúirí i dtaobh dea-chleachtas gairmiúil a fheabhsú ar mhaithe le sábháilteacht othar

Misean

Ardchaighdeán a chinntiú i measc dochtúirí ó thaobh oideachais, oiliúna agus cleachtais ar mhaithe le leas na n-othar

Luachanna

- 1 Spreagaimid ilchineálacht, rannpháirtíocht agus foghlaim le cabhrú linn ár n-eagraíocht a fheabhsú
- 2 Déanaimid ár ndícheall chun muinín a fheabhsú tuilleadh idir othair, dochtúirí agus Comhairle na nDochtúirí Leighis
- 3 Treoraímid daoine trínár sampla, trí na hardchaighdeán a leagaimid síos dúinn féin agus do na dochtúirí agus do na heagraíochtaí a rialálaimid
- 4 Gníomhaímid ar bhealach measúil, cothrom, báúil agus comhsheasmhach
- 5 Déanaimid cinntí neamhspleácha, feasacha, oibiachtúla agus bímid freagrach astu

Comhaltaí na Comhairle amhail an 31 Bealtaine 2018



An tOllamh **Freddie Wood**
Uachtarán



An Dr **Anthony Breslin**
Leasuachtarán



An Dr **John Barragry**



An tUasal **Vicky Blomfield**



An tUasal
Katharine Bulbulia



An tUasal **Anne Carrigy**



An Dr **Sean Curran**



An tUasal **Fergus Clancy**



An Dr **Audrey Dillon**



An Dr **Rita Doyle**



An tUasal **Mary Duff**



An tOllamh
Fidelma Dunne



An tOllamh **Bairbre Golden**



An Dr **Ruairi Hanley**



An tUasal **Sean Hurley**



An tOllamh **Alan Johnson**



An tOllamh **Mary Leader**



An tUasal **Catherine McKenna**



An tUasal **Margaret Murphy**



An tUasal **John Nisbet**



An tOllamh
Colm O'Herlihy




An tUasal **Tom O'Higgins**



An Dr **Michael Ryan**



An tUasal **Cornelia Stuart**



An Dr **Consilla Walsh**

Comhaltaí na Comhairle amhail an 31 Nollag 2018



An Dr Rita Doyle
Uachtarán



An Dr Anthony Breslin
Leasuachtarán



An Dr John Barrağry



An tUasal Vicky
Blomfield



An tUasal Teresa
Bulfin



An Dr Thomas
Crotty



An Dr Suzanne
Crowe



An Dr Marcus de
Brún



An tUasal Mary
Duff



An tOllamh Fidelma
Dunne



An tUasal John
Gleeson



An tUasal Paul
Harkin



An tOllamh
John Hyland



An tOllamh Mary
Leader



An tUasal Alison
Lindsay



An tOllamh
Marina Lynch



An Dr Erica
Maguire



An tUasal Catherine
McKenna



An Dr Maeve Moran



An Dr Aoife Mullally



An tUasal John
Murray



An tUasal Joe
O'Donovan



An tUasal Tom
O'Higgins



An tUasal Jim
O'Sullivan




An tOllamh
Mary O'Sullivan

An Fhoireann Bainistíochta Feidhmiúcháin



Bill Prasifka

POF



Wendy Kennedy

*Stiúrthóir Seirbhísí
Corparáideacha*



Philip Brady

*Stiúrthóir Clárúcháin agus
Feabhsú Próiseas Gnó*



Jantze Cotter

*Stiúrthóir Forbartha
Gairmiúil agus
Taighde*



William Kennedy

*Stiúrthóir
Rialacháin*



Úna O'Rourke

*Stiúrthóir Oideachais,
Oiliúna agus
Gairmiúlachta*

2018 de réir Uimhreacha

22,996

DOCHTÚIR AR AN gCLÁR



MÉADÚ
ar an
22,649
a bhí air
i 2017

58%

Bronnadh a gcéad cháilíocht míochaine in Éirinn ar 58% de na cleachtóirí míochaine

14%

Bronnadh a gcéad cháilíocht míochaine ar 14% de na cleachtóirí míochaine i mBallstát eile an AE nó i dtír sa Limistéar Eorpach Eacnamaíoch

28%

Bronnadh a gcéad cháilíocht míochaine ar 28% de na cleachtóirí míochaine i dtír eile seachas Éire, Ballstát eile an AE agus tíortha eile sa Limistéar Eorpach Eacnamaíoch



Miondealú ar an bhFórsa Oibre Míochaine

58%

FIR



42%

MNÁ

Tá

35%



de dhochtúirí cláraithe
35 BLIANA D'AOIS NÓ NÍOS ÓIGE

3

Tugadh 3 chuairt creidiúnaithe ar scoileanna míochaine náisiúnta agus idirnáisiúnta



2

Tugadh creidiúnú do 2 chlár um oiliúint speisialtóirí míochaine



FUARTHAS

396

GEARÁN

Tugadh

437,868

Cuairt ar an nGréasán



Toghcháin agus Ceapacháin Chomhairle na nDochtúirí Leighis

Toghann lia-chleachtóirí cláraithe seisear comhaltaí den Chomhairle, ceapann an tAire Sláinte seisear, ceapann an tAire Oideachais duine eile agus ceapann roinnt chomhlachtaí ainmniúcháin an 13 eile.

Tá an Chomhairle Leighis uathúil i measc rialtóirí leighis an domhain, sa mhéid is gur comhaltaí neamhliachta iad formhór na gcúig chomhalta is fiche atá ar an gComhairle agus gur comhaltaí liachta an 13 eile. Ceaptar seisear den dáréag comhaltaí liachta tar éis dóibh a bheith tofa ag dochtúirí cláraithe.

Caithfidh an seisear comhalta liachta a thoghtar a bheith ainmnithe ag 10 lia-chleachtóirí cláraithe, a bhfuil leigheas á chleachtadh acu sa Stát, chun seasamh go bailí lena dtoghadh. Ní féidir le duine ar bith ach lia-chleachtóirí cláraithe, atá ar Chlár na lia-chleachtóirí, seasamh i dtoghchán do Chomhairle na nDochtúirí Leighis.

I ndiaidh deireadh na tréimhse ainmniúcháin ar an 16 Feabhra 2018, d'fhógair an Ceann Comhairimh neamhspleách, an tUasal Fergus Gallagher, Sirriam Contae Bhaile Átha Cliath, ainmneacha na n-iarrthóirí óir chinn sé go raibh ainmniú na n-iarrthóirí seo a leanas bhailí.

I ndiaidh dheireadh phróiseas toghcháin Chomhairle na nDochtúirí Leighis ar an 21 Márta, 2018 d'fhógair an Ceann Comhairimh neamhspleách na torthaí agus cérbh iad na daoine a bhí tofa.

Rannán Speisialtóirí - Ainéistéise	Iomlán na Vótaí -1,723
An Dr Suzanne Crowe	669
An Dr Eleanor O'Leary	588
An tOllamh Ellen O'Sullivan	466
An Dr Suzanne Crowe tofa	

Rannán Speisialtóirí - Cnáimhseachas agus Gínéiceolaíocht	Iomlán na vótaí -1,532
An Dr Mary Catherine Therese Doyle	574
An Dr Aoife Mullally	958
An Dr Aoife Mullally tofa	

Rannán Speisialtóirí - Paiteolaíocht nó Raideolaíocht	-
An Dr Thomas Crotty tofa gan iomaíocht	

Rannán Speisialtóirí - Míochaine Sláinte Poiblí	Iomlán na vótaí 1,529
An Dr Anthony Breslin	1,015
An Dr Paul Quigley	514
An Dr Anthony Breslin tofa	

Lia-chleachtóir amháin, nach raibh ina sainchomhairleoir, míochaine a bhí ag cleachtadh leighis in ospidéal	Iomlán na vótaí 1,737
An Dr Erica Maguire	601
An Dr Michael Ita	221
An Dr Tashfeen Siddiq Ali	533
An Dr Eamon Francis	382
An Dr Erica Maguire tofa	

Lia-chleachtóir cláraithe amháin, nach dtagann faoi réim aon cheann de na catagóirí eile	Iomlán na vótaí 2,082
An Dr Roy Mark Browne	113
An Dr Dawar Mahmood Siddiqi	151
An Dr Sohail Rasool	303
An Dr Shane O'Hanlon	242
An Dr Sumi Dunne	253
An Dr Malachy Gerard Coleman	159
An Dr Marcus De Brún	639
An Dr Cormac Duff	77
An Dr Eleanor Mary Corcoran	145
An Dr Marcus de Brún tofa	

Bhí 21 iarrthóir san iomlán san iomaíocht le haghaidh sé phost sna sé phainéal sa phróiseas toghchánaíochta chun páirt a ghlacadh leis na 19 gcomhalta eile a bheidh ar an gcomhairle, ar a bhfuil tromlach neamh-liachta, do théarma nua Comhairle na nDochtúirí Leighis a thosaigh ar an 1 Meitheamh 2018. D'ainmnigh comhlachtaí sláinte eile, rialaitheoirí, an tAire Sláinte agus an tAire Oideachais na 19 gcomhalta eile.

An Dr John Barragry	Comhalta Liachta	Ainmnithe ag Coláiste Ríoga Lianna na hÉireann
An tUasal Vicky Blomfield	Comhalta Neamhliachta	Ainmnithe ag an Údarás um Fhaisnéis agus Cáilíocht Sláinte (HIQA)
An tUasal Teresa Bulfin	Comhalta Neamhliachta	Ainmnithe ag FSS
An Dr Rita Doyle	Comhalta Liachta	Ainmnithe ag Coláiste Liachleachtóirí na hÉireann
An tUasal Mary Duff	Comhalta Neamhliachta	Ainmní de chuid an Aire
An tOllamh Fidelma Dunne	Comhalta Liachta	Ainmnithe ag Scoileanna Leighis
An tUasal John Gleeson	Comhalta Neamhliachta	Ainmní de chuid an Aire
An tUasal Paul Harkin	Comhalta Neamhliachta	Ainmní de chuid an Aire
An tOllamh John Hyland	Comhalta Liachta	Ainmnithe ag Coláiste Ríoga na Máinleá in Éirinn
An tOllamh Mary Leader	Comhalta Liachta	Ainmnithe ag Scoileanna Leighis
An tUasal Alison Lindsay	Comhalta Neamhliachta	Ainmní de chuid an Aire
An tOllamh Marina Lynch	Comhalta Neamhliachta	Ainmnithe ag Acadamh Ríoga na hÉireann
An tUasal Catherine McKenna	Comhalta Neamhliachta	Ainmnithe ag CORU
An Dr. Maeve Moran	Comhalta Liachta	Ainmnithe ag Coláiste Síciatraithe na hÉireann
An tUasal Joe O'Donovan	Comhalta Neamhliachta	Ainmnithe ag Cumann Ospidéal Phríobháidigh
An tUasal Tom O'Higgins	Comhalta Neamhliachta	Ainmní de chuid an Aire
An tUasal Jim O'Sullivan	Comhalta Neamhliachta	Ainmnithe ag FSS
An tOllamh Mary O'Sullivan	Comhalta Neamhliachta	Ainmní de chuid an Aire Oideachais agus Scileanna
An tUasal John Murray	Comhalta Neamhliachta	Ainmnithe ag Bord Altranais agus Cnáimhseachais na hÉireann

Bhí céad chruinniú na Comhairle nua ar an 11 Iúil, 2018. Ag an gcruinniú sin thogh na comhaltaí an Dr Rita Doyle mar Uachtarán. Ba é sin an chéad uair riamh ar thoghadh bean agus lia-chleachtóir lánaimseartha mar uachtarán Chomhairle na nDochtúirí Leighis. Atoghadh an Dr Anthony Breslin mar Leas-Uachtarán.

Clárúchán

Coinníonn Comhairle na nDochtúirí Leighis Clár na Lia-Chleachtóirí, a mhéadaigh arís i 2018, cé nach raibh ach ann ach méadú beag go 22,996 ó fhigiúr na bliana roimhe sin nuair a bhí 22,649 dochtúir ar an gClár.

Athruithe ar na ceanglais maidir le Slánaíocht Ghairmiúil

Tar éis dóibh a bheith sínithe ina ndlí i mí na Samhna 2017, bhí taithí iomlán ag lucht na gairme ar na hathruithe ar na ceanglais maidir le tuairisciú ar leibhéil slánaíochta gairmiúla nuair a bhí orthu a gclárúcháin a choinneáil tríd an bpróiseas athnuachana bliantúla i mí an Mheithimh 2018.

Is ceanglas éigeantach é slánaíocht ghairmiúil a bheith agat, a chosnaíonn an cleachtóir i gcoinne éileamh a eascraíonn as míchleachtas leighis, faillí agus éilimh shibhialta eile a eascraíonn as sárú dualgais a bhaineann le do chleachtas mar dhochtúir. Ní mór clúdach slánaíochta a bheith ag gach dochtúir a bhíonn ag cleachtadh míochaine in Éirinn a bheidh oiriúnach do na socrúithe atá acu ó thaobh fostaíochta / cleachtais agus dá réimse cleachtais.

Ceanglaíodh na dochtúirí go léir a bhí ag coimeád a gclárúchán ar an 1 Iúil 2018 dearbhú a sholáthar don Chomhairle maidir leis na socrúithe atá acu maidir lena gcleachtais. Ag brath ar an dearbhú sin, ceanglaíodh ar 6,500 dochtúir cóip dá ndeimhniú slánaíochta a sholáthar don Chomhairle. D'fhíoraigh an Chomhairle ansin gur chomhlíon an leibhéal cumhdaigh a leagadh amach sa deimhniú a cuireadh ar fáil na leibhéil a shocraigh an Ghníomhaireacht um Éilimh ar an Stát. Baineadh 14 dhochtúir den chlár toisc gur theip orthu fianaise shásúil a sholáthar maidir le clúdach slánaíochta.

Dochtúirí de réir na n-áiteanna inar bronnadh a gCáilíochtaí Príomha orthu

Fuair 58 faoin gcéad de liachleachtóirí cláraithe in Éirinn i 2018 a mbuncháilíocht leighis in Éirinn agus fuair 14% eile a gcáilíocht i mBallstát eile den AE nó i dtír den Limistéar Eorpach Eacnamaíoch. Bronnadh a gcáilíochtaí príomha míochaine ar 28% de na cleachtóirí míochaine i dtír eile seachas Éire, Ballstát eile an AE agus tíortha eile sa Limistéar Eorpach Eacnamaíoch

Rannáin éagsúla Chlár na Lia-Chleachtóirí

Mar a tuairiscíodh anuraidh, d'fhan Rannán na Speisialtóirí ag leibhéal níos airde ná an Rannán Ginearálta, rud a bhí ag teacht leis an treocht a bhí le feiceáil le blianta beaga anuas nuair a bhí Rannán na Speisialtóirí ag fás.

Tá Staitisticí iomlána faoi Chlárúcháin le fáil in Aguisín B:

- ▶ Staitisticí maidir le Scrúdú Réamh-Clárúcháin
- ▶ Rannáin éagsúla Chlár na Lia-Chleachtóirí
- ▶ Catagóirí na nIarrthóirí
- ▶ Miondealú de réir Inscne
- ▶ Réimse aoise na dochtúirí ar an gClár


Caighdeáin Ghairmiúla

Is iad seo a leanas príomhfheidhmeanna na foirne um Chaighdeáin Ghairmiúla, tacú le hobair an Choiste Réamhimeachtaí (PPC), an Coiste um Fheidhmiúlacht chun Cleachtadh (FTPC), agus leis an gCoiste Monatóireachta.

Téann an fhoireann i gcomhairle le gearánaithe agus le lia-chleachtóirí cláraithe maidir le gearáin a chomhdaítear lena n-athbhreithniú ag an PPC, agus eagraíonn siad éisteachtaí ó thaobh Feidhmiúlacht chun Cleachtadh faoin iompar, feidhmiúlacht chun cleachtadh, iompar bocht gairmiúil, nó míchumas ábhartha míochaine lia-chleachtóirí cláraithe.

Ullmhaíonn an fhoireann doiciméid do gach cruinniú PPC agus FTPC, pléann siad an comhfhreagras a leanann na cruinnithe sin, agus dréachtaíonn miontuairiscí lena bhfaomhadh. Bíonn an fhoireann um Chaighdeáin Ghairmiúla ag déileáil le gearáin, le dochtúirí agus le hionadaithe dlíthiúla dochtúirí ar bhonn laethúil, chomh maith le treoirlínte riachtanacha a dhréachtú faoin reachtaíocht agus imscrúduithe a dhéanamh faoi threoir an PPC.

Athbhreithniú Tapa ar an bPróiseas Gearáin.



Cás-staidéir

Is minic a fhaigheann an Fhoireann um Chaighdeán Ghairmiúla ceisteanna ó lia-chleachtóirí faoi na forais a d'fhéadfadh a bheith le gearáin, agus an chaoi a bhféadfaí leanúint ar aghaidh leis na gearáin sin. Tá roinnt cás-staidéar samplach thíos, bunaithe ar ghearáin a fuarthas agus a d'imscrúdaigh ag an PPC.

Cás-staidéar A

Rinne an gearánaí, a bhí ina Oifigeach Sinsearach Tí, nó ina dhochtúir neamh-comhairleach, gearán i gcoinne lia-chleachtóra chláraithe a bhí ina chomhairleoir sinsearach. Dúirt an gearánach go bhfaca sé iompar míchuí ag an gcomhairleoir ar ócáidí éagsúla thar thréimhse ama i 2017. Dúirt an gearánaí go raibh cásanna de thagairtí míchuí do shaoire mháithreachais, tagairtí d'inscne ball foirne NCHD a bhí ag obair ar a shon agus tagairtí do chásanna éagsúla d'iompar gnéasach san áireamh i measc na gcásanna sin d'iompar míchuí.

Rinne an gearánach iarracht an gearán a tharraingt siar tar éis tamaill, ach mar gheall ar an nádúr tromchúiseach na líomhaintí, chinn an Coiste Réamhimeachtaí dul ar aghaidh amhail is nár tarraingíodh siar an gearán.

Mheas an Coiste Réamhimeachtaí gur cheart an gearán a tharchur chuig scéim inniúlachta gairmiúla chun measúnú feidhmíochta a dhéanamh air. Ba é cinneadh an Choiste Réamhimeachtaí gur cheart measúnú feidhmíochta a dhéanamh ar bhonn ceannaireachta san ionad oibre, cúrsaí caidrimh agus oibriú mar chuid d'fhoireann, foirne oibre a threorú agus a bhainistiú, agus oibriú mar chuid d'fhoirne.

Cás-staidéar B

Dúirt na gearánaigh (lánúin phósta) gur thug siad a n-iníon chuig clinic siúl isteach mar go raibh tinneas cinn agus scornach thinn uirthi agus go raibh teocht ard, easpa fuinnimh, casacht agus buinneach ag cur as di. Líomhain siad go raibh an dochtúir ar fáil an-chríochnúil agus gur fhiafraigh sé díobh an raibh aon ailléirgí uirthi le rud ar bith, is gur fhreagair siad go raibh ailléirge ar a n-iníon le peinicillin. Taifeadadh é sin ar chomhad leictreonach iníon na ngearánach. Thug an dochtúir oideas don othar le haghaidh Germentin (500/125mg) táibléad amháin, trí huaire sa lá. Líomhain na gearánaigh gur ardaigh teocht a n-iníne go 40.1 an oíche dár gcionn agus nuair a thug siad a n-iníon ar ais go dtí a ngnáthdhochtúir teaghlaigh fuarthas amach go raibh peinicillin san antaibheathach a bhí forordaithe ag an dochtúir a bhí ar fáil.

Thug an dochtúir freagra ar an ngearán agus ghabh leithscéal leis an othar agus lena tuismitheoirí. Ghlac an dochtúir leis gur baineadh a aird den scéal ar feadh meandair, dúirt go raibh a aiféala air faoi agus go raibh sé ar intinn aige athbhreithniú a dhéanamh ar a nósanna imeachta maidir le forordú.

Thug an Coiste Réamhimeachtaí faoi deara an chaoi ar ghabh an dochtúir leithscéal leis an teaghlach d'aon anacair a d'fhulaing siad de bharr na hearráide a rinneadh faoin oideas agus d'aontaigh siad gur fhoghlaim an dochtúir ón teagmhas a ba chúis aiféala é.

Ar bhonn na faisnéise os a gcomhair, bhí an Coiste Réamhimeachtaí sásta nach raibh aon fhianaise ann ar mhí-iompar gairmiúil nó lagfheidhmíocht ghairmiúil ar thaobh an dochtúra agus chinn siad go bhféadfaí an gearán a réiteach trí idirghabháil nó ar mhodh neamhfhoirmiúil eile.

Cás-staidéar C

Líomhain an gearánach gur fhreastail sé ar athbhreithniú leighis ar iarratas a fhostóra agus gur sholáthraigh sé cuntas don dochtúir a bhí á mheas ar stair an dúlagair chliniciúil a bhí air mar aon leis na frithdhúlagraín a bhí ordaithe dó.

Tá sé líomhanta ag an ngearánaí gur éirigh an dochtúir a bhí á mheas ionsaitheach le linn an chomhairliúcháin, gur bhris sé isteach air agus chuir ina leith nach ndearna sé aon rud le go dtiocfadh biseach air agus chun go bhféadfadh sé filleadh ar an obair. Líomhain an gearánach gur fhulaing sé strus dian de thoradh na hidirghníomhaíochta. [Lena chois sin, d'iarr an gearánach cóip dá cháipéisí ón gclinic ach ní bhfuair sé fós iad.]

D'fhreagair an dochtúir a bhí i gceist sa ghearán go raibh aiféala air go raibh taithí mhíthaitneamhach ag an ngearánaí leis. Dúirt sé freisin go bhféadann measúnuithe sláinte cheirde strus a chur ar a lán othar. Dúirt an dochtúir, áfach, nach raibh sé ionsaitheach uair ar bith le linn an chomhairliúcháin agus ghabh sé a leithscéal má bhraith an gearánaí, ag am ar bith, go raibh sé ionsaitheach nó nach raibh sé comhbháach leis maidir lena bhreitheacht.

Bhreithnigh an Coiste Réamhimeachtaí an gearán agus ba é a dtuairim nach raibh údar go leor ann chun gníomh breise a dhéanamh faoin ngearán, mar nach raibh aon fhianaise go raibh an dochtúir a rinne an measúnú freagrach as mí-iompar gairmiúil ná lagfheidhmíocht ghairmiúil. Ar bhonn na faisnéise go léir a bhí os a gcomhair, thug an Coiste Réamhimeachtaí faoi deara gur iarr fostóir an ghearánaí ar an dochtúir a rinne an measúnú sláinte cheirde a dhéanamh air agus gur chuir sé a thuairim chliniciúil in iúl maidir leis an mheasúnú sin.

Thug an Coiste faoi deara freisin gur ghabh an dochtúir a rinne an measúnú leithscéal ó chroí de bharr an mhíshuaimhnis agus anacair a d'fhulaing an gearánaí le linn an mheasúnaithe agus de thoradh na saincheistanna a tharraing an gearánaí anuas ina ghearán, chaith an measúnóir tamall ag machnamh ar an gcur chuige a bhí aige i gcás na measúnuithe go léir a dhéanadh sé ar othair chun go bhféadfadh sé feabhas a chur ar a stíl cumarsáide agus lena chinntiú go mbeadh breis comhbhá aige ina mheasúnaithe feasta.

Tar éis dóibh an scéal a bhreithniú go cúramach mheas an Coiste nár cheart aon rud eile a dhéanamh faoin ngearán.

Cás-staidéar D

Dochtúir ab ea an gearánach agus rinne sí gearán in aghaidh bheirt dochtúirí eile i gclinic ina raibh sí fostaithe, ar bhonn alt 65.1 agus alt 65.2 den Treoir um Iompar agus Eitic Ghairmiúil le haghaidh Lia-Chleachtóirí Cláraithe. Rinne sí a gearán maidir le (i) easpa nós imeachta líomhanta a bhí i bhfeidhm chun déileáil le torthaí neamhghnácha fola, ónar eascair cleachtais chontúirteacha; agus (ii) nár chuir an bheirt dochtúirí athruithe i bhfeidhm in ainneoin na n-ábhar imní a tarraingíodh anuas ina leith sin.

D'fhreagair an bheirt dochtúirí agus dhearbhaigh gur seiceáladh comhaid na n-othar dá dtagraíodh sa ghearán agus go raibh siad sásta leis an gcúram a cuireadh ar fáil. Dúirt an bheirt dochtúirí go raibh Cur Chuige Caighdeánach maidir le bainistiú torthaí ón gclinic curtha i bhfeidhm ó shin.

Rinne an Coiste Réamhimeachtaí an scéal a fhiosrú agus chinn siad nach raibh cúis go leor ann chun aon bheart eile a dhéanamh. Dúirt siad go raibh Cur Chuige Caighdeánach maidir le bainistiú torthaí ón gclinic curtha i bhfeidhm ó shin.

Tá Staitisticí faoi ghearáin, cinntí agus torthaí le fáil in Aguisín C

- ▶ Líon na ngearán a fuarthas
- ▶ Gearáin de réir inscne
- ▶ Gearáin de réir rannáin an Chláir
- ▶ Gearáin de réir réimse aoise
- ▶ Réimse Cáilíochtaí
- ▶ Cineálacha na ngearán a fuarthas
- ▶ Gearáin a mheas an PPC
- ▶ Fiosruithe maidir le Feidhmiúlacht chun Cleachtadh
 - Fiosruithe a Reachtáladh
 - Torthaí
 - Poiblí/Príobháideach
 - Smachtbhannaí a forchuireadh
 - Ionadaíocht dhlíthiúil
 - Cúiseanna a bhí le héisteachtaí príobháideacha
 - Iarratais faoi alt 60
 - An Coiste Monatóireachta
 - Coiste Sláinte

Iompar Gairmiúil

Inniúlacht Ghairmiúil a Choinneáil

Is é dualgas Chomhairle na nDochtúirí Leighis a bheith sásta go gcoinníonn lia-chleachtóirí cláraithe (RMPanna) a n-inniúlacht ghairmiúil ar bhonn leanúnach. Éilítear ar dhochtúirí atá sna ranna sin sa Chlár a bhaineann le dochtúirí faoi mhaoirseacht, dochtúirí ginearálta agus dochtúirí speisialaithe a n-inniúlacht ghairmiúil a choinneáil ar bun.

Bunaíodh Scéimeanna um Inniúlacht Ghairmiúil (Scéimeanna) atá á reáchtáil ag Cuideachtaí Oiliúna Míochaine larchéime chun monatóireacht a dhéanamh ar lia-chleachtóirí cláraithe agus chun cabhrú leo a riachtanais MPC a chomhlíonadh.

Dhírigh Comhairle na nDochtúirí Leighis i 2018 ar chomhlíonadh a chinntiú maidir le rollú i PCS agus forbairt na samhla PCS a chur chun cinn chun éascú a dhéanamh ar rannpháirtíocht i ghníomhaíochtaí foghlama ar feadh an tsaoil a bhaineann le raon feidhme an chleachtais.

An tSamhail PCS a Chur chun cinn

Cuireadh tús i 2018 le tréimhse dhian comhairliúcháin idir Comhairle na nDochtúirí Leighis agus na Comhlachtaí larchéime Oiliúna Míochaine (PGTBanna). Dá thoradh sin chuir gach Comhlacht larchéime Oiliúna Míochaine pleananna oibriúcháin ar fáil. Díríodh sna pleananna oibriúcháin ar na rudaí insóláthartha seo:

- ▶ Teachtaireachtaí Réamhghníomhacha a sheoladh faoi na ceanglais maidir le hInniúlacht Ghairmiúil a choinneáil (MPC);
- ▶ A chinntiú go ndéantar neamhchomhlíonadh a bhainistiú ar bhunús rioscaí;
- ▶ Cabhrú le dochtúirí gníomhaíochtaí MPC a bhainistiú;
- ▶ Leas a bhaint as taighde agus fianaise chun cleachtais a fheabhsú;
- ▶ Dochtúirí a spreagadh chun páirt a ghlacadh i gcleachtas machnamhach (athbhreithnithe píaraí, pleananna maidir le forbairt ghairmiúil);
- ▶ Dearbhú cáilíochta faoi ghníomhaíochtaí um Fhorbairt Ghairmiúil Leanúnach (FGL);
- ▶ FGL a chur in oiriúint do riachtanais dochtúirí.

Comhlíonadh a Bhainistiú

Leanann an Chomhairle Leighis ar aghaidh ag déanamh monatóireachta agus measúnaithe lena chinntiú go bhfuil na daoine atá cláraithe rollaithe agus ag comhlíonadh ceanglas scéime sonraithe faoi inniúlacht ghairmiúil. Díríodh i 2018 ar a chinntiú go raibh dochtúirí cláraithe rollaithe i Scéimeanna. Chinntigh gníomh spriocdhírthe gur feabhsaíodh na rátaí rollaithe go 99%.

Den chéad uair riamh chuir na PGTBanna ainmneacha na ndochtúirí sin ar fáil a mhainnigh aon ghníomhaíocht FGL a thaifead ar feadh trí bliana as a chéile. Tá tús curtha ag Comhairle na nDochtúirí Leighis le hidirghabháil chomhréireach rialála a dhéanamh ar bhunús an eolais sin. Tá freagracht ar Chomhairle na nDochtúirí Leighis, ar PGTBanna agus ar fhostóirí tacaíocht a thabhairt do dhochtúirí a gceanglais maidir le forbairt ghairmiúil leanúnach a chomhlíonadh agus monatóireacht a dhéanamh air.

Safe Start

D'fhorbair Comhairle na nDochtúirí Leighis acmhainn trí bhithin an Tionscnaimh Safe Start le haghaidh RMPanna nua agus RMPanna atá ag filleadh ar chleachtas in Éirinn. Dearadh an acmhainn, atá ar fáil ar líne agus i bhfoirm leabhráin, chun cabhrú le dochtúirí socrú síos i gcleachtas agus raon deiseanna FGL a sholáthar chun e sin a éascú. Ina measc siúd tá toiliú, ordú oideas, cúram deireadh saoil, cuntais mhíochaine a choimeád, iompar gairmiúil agus eitic, cumarsáid agus leas dochtúirí. Tá sé le fáil ag <https://www.medicalcouncil.ie/safestart>



Measúnú Feidhmíochta

Próiseas is ea measúnú feidhmíochta trína nglacann dochtúirí páirt i measúnú neamhspleách ar a bhfeidhmíocht i gcomhthéacs níos leithne na gcleachtas atá acu. Déantar iarracht sa phróiseas breathnú ar an gcleachtas reatha, réimsí forbartha a aithint agus chun tacú le forbairt an dochtúra trí phróiseas um Pleanáil Gníomhaíochta. Dírítear sna gníomhaíochtaí measúnaithe ar ocht réimse maidir le dea-chleachtas gairmiúil.

Maidir le measúnú feidhmíochta úsáidtear foireann mheasúnóirí oilte, neamhspleácha (idir liachta agus neamhliachta) chun measúnú saincheaptha a dhéanamh agus is féidir na nithe seo a leanas a bheith san áireamh ann; eolas agus scileanna an dochtúra, cur i bhfeidhm eolais agus scileanna, breathnóireacht ar an gcleachtas, tionchar tosca san ionad oibre ar an gcleachtas, agus aiseolas ó othair agus piaraí.

Tá an fhírinne simplí go leor i ndáiríre. Bhí mé tar éis éirí chomh gnóthach sin ag bualadh le hothair go bhfaca mé na mionrudaí ach nach raibh sé ar mo chumas rudaí móra a fheiceáil. Bhí deis tugtha dom mo shaol go léir, idir ghairmiúil agus phríobháideach, a fhorbairt trí níos lú a dhéanamh ach é a dhéanamh go cúramach agus gach rud a thaifeadadh agus córas comhdaithe maith, éasca, iontaofa a choinneáil le haghaidh mo chuid othar go léir, idir othair a bhíodh agam agus othair reatha. Chuir an próiseas olc orm ar dtús ach chuir sé feabhsuithe ar gach gné de mo shaol. Táim ag súil go mbainfidh mo chuid othar tairbhe uaidh.

Rannpháirtí i Measúnú Feidhmíochta



Ghlac Comhairle na nDochtúirí Leighis páirt i roinnt imeachtaí i rith 2018. Seo léargas ar roinnt dár ngníomhaíochtaí.



Ionadaithe Pavee Point Molly, Mary agus Brigie Collins leis an Uasal Margaret Murphy ag seoladh an leabhráin ilteangaigh faoi shábháilteacht othar. Tá an leabhrán scríofa i dteanga shoiléir agus tugtar comhairle ann d'othair faoi conas an tairbhe is mó a bhaint as cuairt a thabhairt ar an dochtúir.



An tAire Stáit do Chomhionannas, Inimircie agus Imeascadh David Stanton, POF Comhairle na nDochtúirí Leighis, Bill Prasifka, agus Ambasadóir na Meicsiceo, an tAmbasadóir Miguel Malfavon, ag caint le chéile ag seoladh an leabhráin ilteangaigh faoi shábháilteacht othar a cuireadh ar fáil i gcúig theanga in Eanáir 2018.



Tá an leabhar treorach Safe Start leagtha amach chun tacaíocht agus cúnamh a thabhairt do dhochtúirí nach raibh cleachtas míochaine acu roimhe seo i bPoblacht na hÉireann agus do dhochtúirí atá ag filleadh ó thar lear le dul i mbun cleachtais anseo.



An POF, Bill Prasifka, ag labhairt le Comhchoiste Sláinte an Oireachtais i Mí na Bealtaine 2018 faoi cheist na sainchomhairleoirí leighis nach bhfuil ar chlár na speisialaithe.



Sa phictiúr le POF, Bill Prasifka, tar éis a gceapachán tá uachtarán nuathofa Comhairle na nDochtúirí Leighis, An Dr Rita Doyle, agus Leas-Uachtarán na Comhairle An Dr Anthony Breslin a athcheapadh.



Bhuail an Dr Rita Doyle le mic léinn leighis ó Choláiste Ríoga na Máinleá in Éirinn, na deirfiúracha Monica agus Niveta Ramakrishnan, chun plé a dhéanamh ar an tionscnamh Safe Start a seoladh i Meán Fómhair 2018.



Sa phictiúr tá Comhalta den Chomhairle, an Dr Suzanne Crowe agus í ag labhairt os comhair an Chomhchoiste Sláinte i Meán Fómhair 2018.



Sirriam Chontae Bhaile Átha Cliath, an tUasal Fergus Gallagher, ag fógart torthaí toghchán Chomhairle na nDochtúirí Leighis, a reáchtáladh i Márta 2018

Oideachas, Oiliúint agus Gairmiúlacht

Creidiúnú

Athbhreithniú ar Chaighdeáin

Ceapann Comhairle na nDochtúirí Leighis caighdeáin maidir le hoideachas agus oiliúint leighis do mhic léinn fhochéime, d'intéirigh agus do mhic léinn iarchéime in Éirinn agus déanann monatóireacht air. Tá Caighdeáin Dhomhanda (2015) na Cónaidhme Domhanda um Oideachas Liachta (WFME) glactha ag Comhairle na nDochtúirí Leighis do chlár d'fhochéimithe ach tá a gcaighdeáin féin forbartha ag an gComhairle do chlár d'intéirigh agus do mhic léinn iarchéime agus do shuíomhanna oiliúna cliniciúla. In 2018, choimisiúnaigh Comhairle na nDochtúirí Leighis Health Care Informed (HCI) chun cuidiú le creat singil amháin de chaighdeáin infheidhmithe a fhorbairt don réimse iomlán oideachais agus oiliúna leighis. Is é aidhm an tionscadail a chinntiú go nglacfar le cur chuige a bheidh comhtháite go cuí maidir le rialáil ar fud chontanaim na forbartha gairmiúla; agus a chinntiú go bhfuil na caighdeáin dírithe go leor ar thorthaí a bhaint amach. Ní beag an méid oibre atá i gceist leis agus cé go bhfuil dul chun cinn maith á dhéanamh, meastar go dtógfaidh sé idir 18 - 24 mí chun é a chur i gcrích.

Oideachas agus oiliúint d'fhochéimithe

In 2018, thug Comhairle na nDochtúirí Leighis cuairteanna athchreidiúnaithe ar thrí scoil leighis chun measúnú a dhéanamh a gclár oideachais agus oiliúna liachta trí iontráil dhíreach. Ba iad sin Ollscoil RCSI-Perdana (An Mhalaeisia), Campas Mhalaeisia Choláiste Ríoga na Máinleá in Éirinn agus Coláiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath agus Coláiste na Tríonóide Baile átha Cliath.

Bhí Comhairle na nDochtúirí Leighis i láthair ag cruinniú de chuid Coiste Náisiúnta Roinn Oideachais SAM faoi Oideachas agus Creidiúnú Míochaine (NCFMEA) i Meán Fómhair 2018, inar cinneadh go raibh próisis creidiúnaithe Chomhairle na ndochtúirí Leighis inchomparáide leo siúd atá i bhfeidhm i SAM. Déanann sé seo éascú ar an chaoi go bhféadfaidh scoileanna míochaine in Éirinn leanúint ar aghaidh ag glacadh le mic léinn míochaine ó SAM a bhfuil deontais á fháil acu mar mhaoiniú.

Sainoiliúint liachta

Ar mholadh ó Chomhairle na nDochtúirí Leighis agus tar éis dianphróisis chreidiúnaithe, cheadaigh an tAire Sláinte dhá chlár oiliúna do speisialtóirí liachta i 2018, ba iad sin Míochaine Dhianchúraim (Coláiste na nAinistéiseolaithe) agus Máinliacht Oftalmach (Coláiste Ríoga na Máinleá in Éirinn).

Cuireadh isteach ar ath-chreidiúnú le haghaidh dhá chlár déag i 2018, nuair a chuaigh an creidiúnú cúig bliana a bhí faighte acu in éag. Cheap an Chomhairle Painéal nua Measúnóirí um Shainoiliúint chun breathnú ar na hiarratais. Tá Comhairle na nDochtúirí Leighis tar éis próiseas nua bliantúil tuairiscithe maidir le stádas a thabhairt isteach chomh maith le haghaidh gach clár creidiúnaithe um oiliúint sainchomhairleoirí liachta.



Ionaid um Oiliúint Chliniciúil

Thug Comhairle na nDochtúirí Leighis cuairt ar ghrúpaí ospidéal Bhaile Átha Cliath/Lár Tíre agus Ospidéal do Leanaí i mí na Samhna agus mí na Nollag 2018. Tugadh cuairt chríochnúil chigireachta ar naoi láithreán oiliúna cliniciúla agus foilseofar tuairiscí ar na cuairteanna sin faoi lár 2019. Foilsíodh tuarascálacha faoi chuairteanna na Comhairle i 2017 ar naoi n-ospidéal i nGrúpa Cúraim Sláinte na hOllscoile Saolta agus ar Ghrúpa Ospidéal an Deiscirt agus an Iardheiscirt i mí Lúnasa 2018.

Aithint Speisialtachta

Tar éis d'athbhreithniú seachtrach a bheith déanta ar ár bpróiseas i 2017, thionóil an Chomhairle cruinniú comhairliúcháin in Aibreán 2018 maidir le feabhsuithe dhéanamh ar an bpróiseas. Rinneadh freastal maith air agus daoine i láthair ó gach comhlacht oiliúna iarchéime, ón Roinn Sláinte agus ón Stiúrthóireacht Náisiúnta um Oiliúint Dochtúirí agus Pleanáil (NDTP) de chuid Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte. Tá tuilleadh ionchur á fháil againn ón Roinn agus ón NDTP agus táthar ag súil go ndéanfar an próiseas a athoscailt go luath i 2019.

Clár Oiliúna do Mheasúnóirí

Choimisiúnaigh Comhairle na nDochtúirí Leighis clár cuimsitheach oiliúna do gach Measúnóir atá páirteach i ngníomhaíochtaí oideachais liacha agus creidiúnú oiliúna agus iniúchta na Comhairle. Seoladh an clár nua i Meán Fómhair 2018 agus beidh sé ar fáil ar bhonn leanúnach do Mheasúnóirí chun go bhféadfaidh siad na scileanna riachtanacha sin a fhoghlaim agus a choinneáil.

Anatamaíocht

Coinníonn an Chomhairle Leighis bunachar sonraí de dheontóirí anatamaíochta agus rinneadh 135 deontas do scoileanna leighis in Éirinn i rith 2018. Ba mhéadú 25 é sin ar an líon (110) a deonaíodh i 2017.

Rinne Cigire Anatamaíochta na Comhairle mar aon le hionadaithe na Comhairle cigireacht ar Rannóg Anatamaíochta amháin i 2018, ba é sin an Rannóg sa Choláiste Ollscoile, Corcaigh.

Scoil Liachta	Líon na ndeontas anatamaíocha
Ollscoil na hÉireann, Gaillimh.	33
Coláiste Ríoga na Máinleá in Éirinn	43
Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath	10
An Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath	24
Coláiste na hOllscoile, Corcaigh	25
Iomlán	135

Eitic agus Gairmiúlacht

I mí na Bealtaine 2018, d'fhoilsigh Comhairle na nDochtúirí Leighis treoir nuashonraithe do dhochtúirí ar chaidreamh cuí le lucht tionscail, lena n-áirítear cuideachtaí cógaisíochta agus feistí leighis agus cuideachtaí tionsclaíocha eile.



Taighde

Tá bailchríoch curtha ar Thuarascáil Faisnéise an Fhórsa Saothair ina luaitear sonraí coinneála 2016/17 agus tá sé beartaithe í a sheoladh go luath i 2019. San áireamh sa tuarascáil tá sonraí a bhain le dochtúirí a tharraingt siar go deonach ón gclár den chéad uair agus tugann sé léargas ar na difríochtaí ó thaobh rannáin agus tíortha ina bhfuair siad a mbun-cháilíochtaí liachta mar aon le ceisteanna faoi dhúshláin earcaíochta agus coinneála in Éirinn. Saincagadh sonraí is déanaí na bliana 2018 freisin agus tá siad á scrúdú d'fhonn tuairisc á dhréachtú le cur leis seo, agus béim ar sholáthar agus éileamh ó thaobh réimsí chleachtais i bhfórsa saothair na hÉireann. Roinneadh sonraí na foirne oibre ardleibhéil leis an Aire Sláinte ag cruinniú i mí na Samhna na bliana seo caite d'fhonn athruithe a dhéanamh ar phleanáil an fhórsa oibre i gcomhthéacs reachtaíochta agus i gcomhthéacs praiticiúil.

I gcomhthéacs planáil an fhórsa oibre, d'fhreastalaíomar ar imeachtaí maidir le planáil fórsa oibre agus ghlacamar páirt iontu lena n-áirítear cruinnithe MacCraith, comhairliúchán ECFE, Oiliúint Dochtúirí Náisiúnta agus imeachtaí planála an fhórsa oibre agus planáil sábháilteachta an fhórsa oibre agus rinneamar é sin in éineacht le rialtóirí eile atá ag obair san Údarás Sláinte agus Sábháilteachta.

Tá planáil um shábháilteacht an Fhórsa Oibre ar siúl i gcónaí le rialtóirí eile san Údarás Sláinte agus Sábháilteachta, agus chuir an fhoireann taighde sonraí ar fáil a bailíodh ón tuarascáil “Your Training Counts” agus tuarascálacha faoi Chigireachtaí ar Suíomhanna Oideachais.

Leanann duine den fhoireann taighde ar aghaidh ag déanamh ionadaíochta ar Chomhairle na nDochtúirí Leighis ag cruinnithe MacCraith, d'fhonn feabhas a chur ar cháilíocht na hoiliúna leighis iarchéime in Éirinn. Tháinig an grúpa le chéile den uair dheireanach ar an 12 Nollaig agus foilsíodh an 8ú tuarascáil ar dhul chun cinn i mí na Nollag inar luadh gach beart a rinneadh i gcomhar idir Feabhra agus Meitheamh 2018. Is féidir í a fheiceáil ag <https://bit.ly/2EEJLmt>.

Ghlac an Chomhairle páirt in obair mhórthaighde i gcomhar lenár gcomhpháirtithe taighde, faoi stiúir an tAonad um Oideachas Míochaine Choláiste na hOllscoile Corcaigh i mí an Mheithimh agus i gcaitheamh mhí Iúil agus Mhí Lúnasa. Dhíríodh sa taighde ar dhearchtaí dochtúirí ar Inniúlacht Ghairmiúil a Choinneáil in Éirinn. Bhí ardleibhéal rannpháirtíochta i gceist leis an bpíosa taighde seo agus chuir na dochtúirí mórchuid aiseolais ar fáil a bhí úsáideach agus cuiditheach agus a dhéanfar a mheas. Leanann an fhoireann taighde orthu ag obair le foireann taighde Choláiste na hOllscoile Corcaigh faoi Inniúlacht Ghairmiúil a Choinneáil agus iad ag roinnt sonraí eatarthu chun bonn eolais a sholáthar le haghaidh céimeanna deireanacha a bhfiosrú ar dhearchtaí dochtúir faoin ngné sin dá saol gairmiúil agus táthar ag súil na torthaí a roinnt go luath.

D'fhreastail an fhoireann taighde ar an gComhdháil Náisiúnta um Shábháilteacht Othar i gCaisleán Bhaile Átha Cliath i mí Dheireadh Fómhair agus chuir siad roinnt tionscnamh de chuid Comhairle na nDochtúirí Leighis i láthair faoi shábháilteacht othar lena n-áirítear SafeStart, agus rinne Doctors in Insustry athnuachan ar an treoir agus ar an eolas a baineadh as sonraí a fuarthas ó “Your Training Counts”. D'fhreastail siad freisin Chomhdháil Tionscnaimh Choláiste Ríoga na Máinleá in Éirinn ar Ghairmiúlacht inar leagadh béim láidir ar an bhfáth a bhfuil sí tábhacht ó thaobh sábháilteachta, cáilíocht agus riosca othar.




Scrúdaíodh an chaoi ar láimhseáladh gearán i rith tréimhse na Comhairle roimhe seo, dréachtaíodh na torthaí agus tá siad á n-athbhreithniú faoi láthair ag an gcoiste feidhmiúcháin. Fíoraíonn sé seo an anailís a rinneadh ar shonraí cáilíochtúla agus cainníochtúla a bailíodh ón bpobal, ó dhochtúirí agus ó ghearánaithe, mar aon le sonraí faoi smachtbhannaí a cuireadh i bhfeidhm agus léirítear iad sna comhthéacsanna náisiúnta agus idirnáisiúnta, d'fhonn eolas a sholáthar le haghaidh gníomhaíochtaí a dhéanfaidh an Chomhairle amach anseo mar rialtóir a chosnaíonn othair agus a thugann tacaíocht chuí do dhochtúirí. tugadh na sonraí faoi smachtbhannaí don Aire Sláinte.

Rinneadh anailís ar shonraí “Your Training Counts” agus leagadh béim ar bhearta i leith folláine. Ullmhaíodh tuarascáil lena seoladh agus tarraingíonn na torthaí anuas tuilleadh ceisteanna faoi fholláine, imeachtaí díobhálacha agus bulaíocht a thuairiscigh daoine faoi oiliúint. Tá an suirbhé á athmhúnlú chun scála bailíochta a chur san áireamh agus chun béim níos mó a leagan sa taighde ar thacaíocht do dhochtúirí, lena seoladh i 2019 d'fhonn sonraí a bhailiú. Seoladh sliocht ó na sonraí seo maidir le tacaíocht do dhochtúirí isteach agus glacadh leis lena chur i láthair ag an Irish Network of Medical Educators (INMED) 2019. Ag an gCruinniú Bliantúil Eolaíochta seo fógrófar sé dheontas Taighde san Oideachas Leighis a dtabharfaidh Comhairle na nDochtúirí Leighis tacaíocht dóibh agus déanfar tionscadal sa bheis, ar scála níos mó ina scrúdófar folláine dochtúirí agus rochtain ar thacaíochtaí a sheoladh freisin roimh an nglaoch. Tabharfaidh sé seo aghaidh ar an mbéim straitéiseach atá á leagan againn ar fholláine agus spreagfaidh sé forbairt acmhainne maidir le taighde ar Oideachas Leighis in Éirinn.

Rinne an fhoireann taighde anailís, saincagadh agus cur i láthair ar na sonraí a bailíodh i gcomhairliúchán a rinneadh le lia-chleachtóirí cláraithe agus le príomhpháirtithe leasmhara maidir le hathruithe ar an 8ú hEagrán den Treoir um Iompar Gairmiúil agus Eitic do Lia-Chleachtóirí Cláraithe (2016) i bhfianaise aisghairm an 8ú Leasú ar an mBunreacht. Tá obair ar siúl faoi láthair leis an nGrúpa Oibre um Eitic faoi athruithe a dhréachtú a mbeidh tionchar acu ar chleachtas dochtúirí sa réimse seo.

Tá ball den fhoireann taighde chun ionadaíocht a dhéanamh freisin do Chomhairle na nDochtúirí Leighis ar Ghrúpa Idirchaidrimh um Shonraí Sláinte de chuid na Roinne Sláinte / na Príomh-Oifige Staidrimh. Beidh ról tábhachtach ag an nGrúpa maidir le measúnú a dhéanamh ar riachtanais príomhúsáideoirí sonraí sláinte agus maidir le forbairt a dhéanamh ar acmhainneacht staitistiúil na bhfoinsí sonraí sa réimse seo. Éascóidh sé freisin malartú éifeachtach faisnéise faoi réimsí uile na sonraí sláinte idir príomhtháirgeoirí agus príomhúsáideoirí na sonraí sin amach anseo.



Seirbhísí Corparáideacha

Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide (TFC)

Bhí an Roinn TFC a gnóthach agus mórchuid tionscadal ar siúl acu i 2018. Ó cuireadh tionscadail thábhachtacha bhonneagair i gcrích bhí sé ar ár gcumas freastal ar éilimh athraitheacha Chomhairle na nDochtúirí Leighis agus roghanna solúbtha oibre a thairiscint dár bhfoireann agus dár bpáirtithe leasmhara. Tá an dúshraith tógtha againn chun freastal ar riachtanais TFC Chomhairle na nDochtúirí Leighis go ceann i bhfad.

D'éirigh leis an Rannán TFC 25 tionscadal tábhachtach bonneagair a chur i bhfeidhm i rith na bliana chun feabhas a chur ar an mbonneagar TFC agus ar na beartais agus na nósanna imeachta a bhaineann leo. San áireamh i measc na dtionscadal sin bhí:

- ▶ Cur i bhfeidhm Nós Imeachta nua um Leanúnachas Gnó
- ▶ Bonneagar nua Cumarsáide TFC a chur ar fáil
- ▶ Córas nua teileafóin a cur i bhfeidhm
- ▶ Crua-earraí nua a chur ar fáil
- ▶ Protacail nua slándála agus fearais a chur i bhfeidhm

Ghníomhaigh an Rannóg TFC mar fheidhm inmheánach um bainistiú tionscadal agus mar chomhairleoir d'aonaid ghnó eile agus bhí baint acu le go leor tionscadal trasrannach lena n-áirítear: -

- ▶ Toghcháin na Comhairle le haghaidh Comhairle Nua
- ▶ Córas Ama agus Tinrimh
- ▶ Feabhsúcháin ar an gCóras Airgeadais
- ▶ Fiosrúcháin gan pháipéar i gcás fiosrúcháin faoi Fheidhmiúlacht chun Cleachtadh
- ▶ Ríomh-Obair agus Tionscadal Oibre cianda
- ▶ Ionad Cruinnithe Lasmuigh den Láthair

D'fhoill tionscadail thábhachtacha agus spriocanna straitéiseacha a sholáthar, chobhsaigh an Rannóg TFC i féin i rith na bliana agus tá siad ag feidhmiú go maith.

Le cabhair ón Rannán Soláthair, rinneadh athbhreithniú ar gach conradh tríú páirtí TFC agus i gcás inarb iomchuí, comhaontaíodh sceideal tairisceana.

Cuireadh conarthaí thábhachtacha tacaíochta i bhfeidhm i 2018, le go bhféadfaidh an Rannóg TFC bagairtí a bhainistiú go héifeachtach agus seirbhísí slána a sholáthar dár gcustaiméirí ag an am céanna.

Nuair a bhí deireadh tagtha le bliain an-torthúil agus an-éifeachtach rinneadh athrú sealadach ar struchtúr tuairiscithe na Rannóige TFC, seolfaidh siad tuairiscí chuig an Stiúrthóir Clárúcháin anois.

Rialachas Faisnéise

I Mí na Bealtaine 2018 cuireadh an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (GDPR) chun feidhme ar fud an Aontais Eorpaigh agus cuireadh an tAcht um Chosaint Sonraí 2018 a bhaineann leis i bhfeidhm in Éirinn. Ba é an reachtaíocht seo an t-athrú ba shuntasáí a rinneadh ar an reachtaíocht um chosaint sonraí leis na blianta. Is éard atá sa GDPR ná sraith nua rialacha a ceapadh chun go mbeidh smacht níos mó ag daoine san Aontas Eorpach ar a gcuid sonraí pearsanta féin. D'ullmhaigh Comhairle na nDochtúirí Leighis do na hathruithe sin, faoi mar a rinne gach eagraíocht a phróiseálann sonraí daoine aonair, trí Ghrúpa Stiúrtha GDPR a bhunú, agus trí na beartais agus na nósanna imeachta iomchuí a thabhairt cothrom le dáta, agus trí fhaisnéis faoi chosaint sonraí a chur ar shuíomh gréasáin Chomhairle na nDochtúirí Leighis, agus tríd an fhaisnéis ar an idirlíon a thabhairt cothrom le dáta trí fhaisnéis bhreise a sholáthar agus trí oiliúint faoi chosaint sonraí a sholáthar don fhoireann go léir. Leanadh ar aghaidh le cúrsaí oibre, agus phróiseáil an Fhoireann Rialachais Faisnéise ocht n-iarratas ar fhaisnéis phearsanta faoin reachtaíocht um chosaint sonraí i 2018. Fuarthas trí cinn acu san roimh GDPR agus cúig cinn ina dhiaidh.

Ós rud é gur comhlacht poiblí í Comhairle na nDochtúirí Leighis láimhseálann siad iarratais ar fhaisnéis freisin faoin reachtaíocht um Shaoráil Faisnéise. Fuarthas 73 iarratas um Shaoráil Faisnéise i 2018, méadú 23 ar líon na n-iarratas a fuarthas an bhliain roimhe sin. Dé na 73 sin, rinneadh 39 iarratas ar fhaisnéis phearsanta agus 34 iarratas ar fhaisnéis neamhphearsanta.



Cumarsáid

Leanadh ar aghaidh ag díriú ar rannpháirtíocht i 2018. D'fhreastail an fhoireann Chumarsáide ar sheastáin fhaisnéise ag roinnt comhdhálacha agus d'óstáil siad imeachtaí eile freisin. Tháinig Comhairle na nDochtúirí Leighis os comhair Coiste Sláinte an Oireachtais agus os comhair an Choiste um Chuntais Phoiblí i 2018 inar leagadh béim ar ról na Comhairle maidir le ceisteanna mar shainchomhairleoirí nach raibh ar Chlár na Speisialtóirí, nochtadh oscailte agus treoirlínte eiticíúla. Leanamar ar aghaidh ag plé na gceisteanna sin agus ceisteanna eile le baill an Oireachtais i gcaitheamh na bliana.

Seoladh roinnt foilseachán i rith na bliana, lena n-áirítear ár leabhrán sábháilteachta ilteangach d'othair, an leabhrán Safe Start, Tuarascálacha Cigireachta ar Láithreáin Oiliúna Cliniciúla, Treoir do Liachleachtóirí Cláraithe ar Chaidreamh idir Dochtúirí agus Lucht Tionscail agus Inniúlacht Ghairmiúil a Choinneáil - Tuarascáil faoi Dhul Chun Cinn 2011-2018.

Bliain ghnóthach ab ea 2018 ó thaobh idirghníomhaíochta leis na meáin, agus bhí clúdach suntasach ag na meáin chumarsáide orainn de bharr fiosrúcháin ardiomrá agus rialuithe na hArd-Chúirte.

Tháinig méadú 5.36% ar chuaipteoirí faoi leith ar láithreán gréasáin Chomhairle na nDochtúirí Leighis i 2018, nuair a tugadh 437,868 cuairt san iomlán ar an suíomh. Tharla fás suntasach ar líon na ndaoine atá ár leanúint sna meáin shóisialta agus ar na leibhéil idirghníomhaíochta i gcomparáid leis an mbliain roimhe.

Acmhainní Daonna

D'eagraíomar roinnt próiseas earcaíochta i 2018 agus bhí 78 duine fostaithe againn ag deireadh na bliana. Rinneadh athbhreithniú ar gach beartas agus nós imeachta i leith Acmhainní Daonna agus tugadh cothrom le dáta iad de réir na dtreoirlínte reatha.

Leagadh béim láidir ar oiliúint agus ar fhorbairt agus tugadh cóitseáil agus oiliúint faoi athléimneacht, cúrsaí cumarsáide, dínit ag an obair agus meantóireacht. Leanamar ar aghaidh chomh maith lenár gclár faoi Fhorbairt Cheannaireachta.

Bunaíodh grúpa nua um rannpháirtíocht fostaithe agus leanamar ar aghaidh lenár dtionscnaimh chun folláine a chur chun cinn.

Soláthar & Áiseanna


Rinneadh athruithe suntasacha ar an bhFoireann Soláthair & Áiseanna i 2018 agus tá an fhoireann nuabhunaithe ag tacú le feidhmeanna oibríochtúla agus straitéiseacha sa réimse seo.

Chuir an fhoireann soláthair intí roinnt soláthairtí tábhachtacha ar fáil chomh maith le leas a bhaint as creataí na hOifige um Sholáthar Rialtais i 2018. Ar na seirbhísí agus na soláthairtí sin bhí Creat um Sheirbhísí Dlí, Réitithe Eirgeanamaíocha, Teileafónaíocht, Crua-earraí agus Bogearraí TFC, Seirbhísí Gairmiúla i leith Athbhreithniú Caighdeán, Soláthar Oiliúna do Mheasúnóirí, Cothabháil & Tacaíocht don Láithreán Gréasáin, Pleanáil Straitéiseach agus Caidreamh Poiblí.



I measc míreanna Príomhshaoráidí Bainistíochta a cuireadh ar fáil i 2018 bhí:

Tharla laghdú breise ar fhigiúirí thomhailt fuinnimh na bliana 2017 toisc go ndearnadh an tomhailt a bhainistiú go gníomhach sa chaoi go bhfuil Comhairle na nDochtúirí Leighis faoi bhun conair faoileoireachta Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann maidir le sprioc 33% a bhaint amach faoi 2020. Tá feachtas um Fhorbairt Feasachta Fuinnimh ar siúl ar fud na heagraíochta agus meastar go bhfeicfear na buntáistí a bheidh le fáil uaidh i 2019.



Táscaire Feidhmíochta Fuinnimh

Foilsíodh céad Ráiteas na Comhairle faoi Fhreagracht Shóisialta Chorporáideach (CSR) i Mí Lúnasa 2018 ina raibh ceithre cholún lárnacha a dheimhnigh ár dtiomantas chun dea-ionad oibre agus dea-eagraíocht a fhorbairt. Ó bhí an gealltanas seo tugtha, cuireadh feachtas an Chupáin Feasa (Conscious Cup) i bhfeidhm ar fud na heagraíochta i mí Mheán Fómhair 2018 agus meastar go gcuirfear bearta eile i gcrích go luath i 2019 chun earraí indiúscartha, aonúsáide a aithint agus a laghdú, agus chun athchúrsáil a mhéadú agus dramhail a laghdú ar fud an tslabhra soláthair.

Airgeadas

Le linn 2018 lean an fhoireann Airgeadais ar aghaidh ag bainistiú acmhainní airgeadais na Comhairle ar bhealach a bhí ag teacht leis na riachtanais reachtúla agus rialachais agus bhí dea-chleachtas á chur i bhfeidhm acu i rialú a cúrsaí airgeadais. Rinne an fhoireann monatóireacht ar acmhainní na Comhairle trí leas a bhaint as buiséadú agus réamhaisnéisí leanúnacha agus d'oibrigh go dlúth leis an gCoiste Iniúcháireachta Airgeadais agus Riosca lena chinntiú go raibh an Chomhairle ar an eolas go hiomlán i rith na bliana.

Chuir an fhoireann Airgeadais i bhfeidhm na hathruithe riachtanacha go léir i rith na bliana a bhí i gciortcláin na Seirbhíse Poiblí agus sa reachtaíocht maidir le cúrsaí párolla, speansais agus idirbhearta airgeadais agus rinneadar é sin ar bhealach tráthúil, éifeachtach.

Bhí an fhoireann Airgeadais páirteach i dtionscadal riaracháin a bhunaigh an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. Ba é cuspóir an tionscadail sin ná próiseas a aontú agus a fhorbairt le haghaidh riar na Scéime Pinsean Seirbhíse Poiblí Aonair a tugadh isteach i mí Eanáir 2013. Ghlac an fhoireann Airgeadais páirt i dtástáil phíolótach i R2 2018 chun sonraí pinsin i ndáil leis an scéim a thiomsú agus a sholáthar chun cuidiú leis an bpróiseas foriomlán um bailiú sonraí a leathnaíodh amach chuig gach eagraíocht san Eanáil Phoiblí i 2018.

Bainistiú Riosca

Príomhoifigeach Riosca: Niamh Muldoon

Réamhrá

Aithníonn an Chomhairle Leighis an tábhacht a bhaineann le cur chuige réamhghníomhach a ghlacadh i leith bhainistiú rioscaí, chun tacaíocht a thabhairt do bhaint amach cuspóirí agus do chomhlíonadh riachtanas reachtúil agus rialachais.

Tá an Chomhairle tiomanta do dheimhin a dhéanamh de go bhfuil bainistíocht riosca ina dlúthchuid den ghnáthobair ó lá go lá, agus go gcuireann sé eolas ar fáil do phleanáil straitéiseach, do phleanáil ghnó agus do phleanáil oibríochtúil agus d'fheidhmíocht na heagraíochta.

Chun na críche sin, tá Comhairle na nDochtúirí Leighis tiomanta dá rioscaí a bhainistiú go héifeachtach ar bhonn foirmiúil, agus d'fhonn an cuspóir sin a bhaint amach, tá creat cineálach comhdhéanta de shraith céimeanna atá simplí ach dea-shainithe leagtha amach aici chun tacú le bainistiú riosca go leanúnach, an fheasacht ar rioscaí a ardú mar aon leis an ngá atá lena bhainistiú go comhsheasmhach agus go héifeachtach ar gach leibhéal den eagraíocht.

Is éard atá i gceist le bainistíocht riosca ná rioscaí a aithint, mheas, agus iad a chur in ord tosaíochta agus acmhainní a chur ar fáil ina dhiaidh sin ar bhealach comhordaithe agus comhréireach chun rialú a dhéanamh ar thionchar na n-imeachtaí nó deiseanna a uasmhéadú.

Tá an creat bainistithe rioscaí atá i bhfeidhm laistigh de Chomhairle na nDochtúirí Leighis ceaptha chun tacú le monatóireacht leanúnach, athbheithniú agus bainistiú a dhéanamh ar rioscaí agus forbraíodh é faoi threoir an Chóid Chleachtais maidir le Rialachas Comhlachtaí Stáit 2016, Caighdeán Bhainistíochta Riosca ISO 31000 agus treoracha foilsithe eile maidir le bainistíocht riosca sna hearnálacha poiblí agus príobháideacha.

Ról Bhord na Comhairle agus an Choiste: Iniúchóireachta, Airgeadais agus Riosca

Tá Bord Chomhairle na nDochtúirí Leighis ar thús cadhnaíochta maidir le hinghlacthacht, lamháltas agus bainistiú riosca, le tacaíocht ón gCoiste Iniúchóireachta, Airgeadais agus Riosca, a dhéanann maoirseacht ar thuarascálacha ráithiúla an chlár rioscaí. Leagadh an clár rioscaí amach chun rioscaí ábhartha féideartha maidir le baint amach cuspóirí straitéiseacha agus gnó na Comhairle a aithint, a bhainistiú agus a mhaolú. Tiomsaíonn gach rannán de Chomhairle na nDochtúirí Leighis a Chlár Rioscaí féin dá rannán, agus déanann an Príomhoifigeach Riosca é a chomhordú agus a thuairisciú don Choiste Iniúchóireachta, Airgeadais agus Riosca agus do Chomhairle na nDochtúirí Leighis.

Mínítear thíos an leibhéal inghlacthachta agus lamháltais maidir le rioscaí atá ag Comhairle na nDochtúirí Leighis. Leagtar amach thíos sampla de na príomhrioscaí agus de na neamhchinnteachtaí a bhfuil ar an gComhairle déileáil leo sa ghearrthéarma agus sa mheántéarma mar aon leis na Príomhbhearta atá i bhfeidhm chun maolú a dhéanamh ar rioscaí den sórt sin. Ní ráiteas uileghabhálach é seo ar na rioscaí agus na neamhchinnteachtaí ábhartha go léir. Maidir leis na bearta maolaithe atá á gcoimeád ar bun i leith na rioscaí sin tá siad ceaptha chun leibhéal réasúnta cosanta, ach ní leibhéal absalóideach cosanta, a sholáthar i gcoinne thionchar na n-imeachtaí atá i gceist.

Inghlacthacht Riosca

Tagraíonn inghlacthacht riosca don “méid riosca a bhfuil eagraíocht sásta glacadh leis, a fhulaingt, nó a bheith nochta dó ag aon am faoi leith”.

Tá ar Chomhairle na nDochtúirí Leighis glacadh le rioscaí maidir lena cuid gníomhaíochtaí go léir, faoi mar is gá d’eagraíocht ar bith a dhéanamh. Mar sin féin, mar eagraíocht atá ann ar mhaithe le leas an phobail, déanfaidh an Chomhairle iarracht chun na rioscaí a mhaolú an oiread agus is féidir. Is é an ról lárnach atá aici ná leasanna an phobail a chosaint agus iad ag déileáil le dochtúirí leighis agus ar an ábhar sin bíonn an leibhéal ó thaobh inghlacthachta riosca aici idir íseal agus nialas de ghnáth. Aithníonn sí, áfach, má tá sí chun a misean a chur i gcrích go rathúil, a ról seirbhíse poiblí a fheabhsú agus toradh níos fearr a chur ar fáil dá príomhpháirtithe leasmhara, go gcaithfidh sí a bheith ullamh chun deiseanna a thapú inar fiú dul sa seans agus glacadh le leibhéal áirithe ó thaobh riosca breise chun buntáistí féideartha a fháil. Mar aitheantas go bhféadfaidh riosca teacht chun cinn ag leibhéil éagsúla i bhfoirmeacha éagsúla, ó chinntí straitéiseacha a chur i gcrích go gníomhaíochtaí tacaíochta a chur i bhfeidhm, cuirtear clár rioscaí i dtoll a chéile go tráthrialta i rith na bliana, agus seoltar tuairisc faoi chuig an gCoiste Iniúchóireachta, Airgeadais agus Riosca, agus don Chomhairle.

Tá roinnt ráiteas treorach faoi inghlacthacht riosca ceaptha ag Comhairle na nDochtúirí Leighis ar fud na gcatagóirí riosca seo a leanas:

Catagóir	Measúnacht	Ráitis faoi Inghlacthacht Riosca
Straitéiseach	Meánleibhéal Inghlacthachta Riosca	Is ról lárnach ag an gComhairle leasanna an phobail a chosaint agus iad ag déileáil le lia-chleachtóirí. Is iad seo a leanas na príomhróil atá aici agus í á dhéanamh sin: ▶ Cáilíocht oideachais fochéime na ndochtúirí a dhearbhu ▶ Cáilíocht oideachais iarchéime de a dhearbhu ▶ clárú dochtúirí ▶ nósanna imeachta smachta ▶ treoir maidir le caighdeáin ghairmiúla / iompar eiticiúil ▶ inniúlacht ghairmiúil Tapóidh an Chomhairle deiseanna ina measfar gur fiú é sin de bharr na tairbhe eacnamaíche agus sochaíche a d'fhéadfadh a bheith acu, in ainneoin leibhéal riosca níos airde a bheith ag baint leo. Is iondúil go mbíonn leibhéal íseal aici maidir le hinghlacthacht riosca ó thaobh cinntí nua straitéiseacha agus beartais de bharr a thábhachtaí is atá a ról maidir le leas an phobail a chosaint. Mar sin féin, i gcásanna áirithe nuair a mheastar go bhfuil gá le hathrú forchéimnitheach nó le dul chun cinn forchéimnitheach beidh meánleibhéal ó thaobh inghlacthacht riosca i gceist. Beidh ar an bhfoireann shinsearach bainistíochta agus an Chomhairle a leithéid de bhearta a mheas agus a cheadú. Déanfaidh an eagraíocht i ngach cás den sórt sin iarracht na rioscaí a bhaineann le cur chun feidhme na gcinntí seo a mhaolú, a mhéid is féidir.
Airgeadas & Maoiniú	Meánleibhéal Inghlacthachta Riosca	Ní thugann an rialtas ná aon chomhlacht eile maoiniú do Chomhairle na nDochtúirí Leighis agus is iad táillí bliantúla na ndochtúirí cláraithe an t-aon fhoinse mhaoinithe atá aici beagnach. Tá a socrúithe maoinithe réasúnta seasmhach dá bharr sin agus tugann sé sin deis di roinnt pleanála straitéisí fadtéarmaí a dhéanamh. Is iondúil go mbíonn leibhéal íseal nó meánach aici ó thaobh inghlacthacht riosca sa réimse seo rud atá a ag teacht lena dearcadh i leith inghlacthacht riosca straitéiseach. Coinneoidh an Chomhairle a caighdeáin arda faoi mhaoirseacht airgeadais agus leanfaidh sí ar aghaidh a chinntiú nach bhfuil gealltanais airgeadais thar na hacmhainní atá ar fáil. Maidir le maoirseacht airgeadais tá an leibhéal maidir le hinghlacthacht riosca íseal.
Maidir le Clú	Meánleibhéal Inghlacthachta Riosca	Toisc gurb é ról lárnach na Comhairle leasanna bhaill an phobail a chosaint agus iad ag déileáil le dochtúirí leighis, tá sé tábhachtach go bhfuil muinín ag daoine as ionracas a gníomhaíochtaí agus a próisis agus go dtuigtear go gcuireann sí toradh sofheicthe ar fáil dá páirtithe leasmhara uile. Bíonn inghlacthacht riosca íseal de ghnáth maidir le teipeanna a mheastar a bheith sa réimse seo. Aithníonn Comhairle na nDochtúirí Leighis go gcaithfidh sí cuimhneamh i gcónaí ar an dualgas rithabhachtach poiblí atá le comhlíonadh aici, ach i gcásanna áirithe go bhféadfadh sé a bheith riachtanach tionscnaimh nach dtaitníonn le daoine a chur chun cinn nó seasamh nach mbeadh daoine tógtha leis a ghlacadh má mheasann sí go mbeadh sé sin iomchuí ar mhaithe le cosaint an phobail. Bíonn meánleibhéal maidir le hinghlacthacht riosca sa réimse seo de ghnáth.
Cúrsaí Oibriúcháin	Leibhéal íseal maidir le hinghlacthacht Riosca	Áirítear le Cúrsaí Oibriúcháin na príomhróil mar a thuairiscítear thuas a bhainistiú agus freisin gach feidhm tacaíochta a bhainistiú a chuireann ar a cumas a príomhróil a chomhlíonadh. D'fhorbair an Chomhairle creat dian, cuimsitheach lena n-áirítear beartais agus nósanna imeachta chun tacú le bainistiú oibríochtúil agus dá bhrí sin bíonn leibhéal íseal maidir le hinghlacthacht riosca aici sa réimse seo de ghnáth.
Comhlíonadh	Ní ghlactar le Riosca ar bith sa réimse seo.	Leagann an Chomhairle síos beartais agus nósanna imeachta chun tacú lena riachtanais dhlíthiúla agus chomhlíonta. Tá an Chomhairle ag súil le comhlíonadh iomlán agus seachnófar gach riosca agus neamhchinnteacht sa réimse seo. Dá bhrí sin is é nialas an leibhéal inghlacthachta i gcás comhlíonta de ghnáth.

LÉARGAS AR NA PRÍOMHRIOSCAÍ MAR A BHÍ I MÍ NA SAMHNA 2018

Cuirtear tuairiscí ar fáil go rialta don Choiste Iniúcháireachta, Airgeadais agus Riosca agus don Chomhairle maidir leis na príomhrioscaí atá os comhair na heagraíochta. Tá achoimre ar roinnt de na príomhrioscaí mar a bhí i Samhain 2017 ar fáil thíos:

► Pleanáil Phearsanra / Fórsa Oibre

Ó ba rud é nach rabhthas in ann poist fholmha a líonadh gan údarú ón Roinn cailleadh scileanna agus bhí ualach oibre níos mó ar na baill foirne a bhí fágtha. Chruthaigh sé sin dúshlán i roinnt réimsí agus bhí tionchar aige ar éifeachtúlacht oibriúcháin i 2018.

Impleachtaí do 2019 - Beidh sé riachtanach na poist folmha a líonadh chomh luath agus is féidir i 2019 chun éifeachtúlacht laistigh den eagraíocht a chinntiú agus dul i ngleic leis an margadh fostaíochta ag éirí níos iomaíche, agus leanfaidh Comhairle na nDochtúirí Leighis ar aghaidh ag obair leis an Roinn Sláinte chun cur chuige níos inbhuanaithe a fhorbairt maidir le pleanáil daonchumhachta.

► Comhlíonadh Dlíthiúil agus Rialála / Forbairtí Reachtaíochta

Impleachtaí do 2019 - beidh Comhairle na nDochtúirí Leighis ag iarraidh comhoibriú go dlúth leis an Roinn Sláinte i 2019 chun eolas a sholáthar mar bhunsraith d'fhorbairtí reachtúla agus athruithe a lorg má mheasann sí go mbeadh siad ar mhaithe le leas na n-othar agus na ndochtúirí.

► Airgeadas

Tá sé tugtha faoi deara ag an gComhairle Leighis gur riosca sheasta í an chaoi a bhfuil sí Nochta do Dhliteanais suntasacha Pinsin óna n-eascraíonn dúshlán fhadtéarmacha mhaoinithe. Bíodh nach í an Chomhairle amháin atá ag déileáil leis an dúshlán seo táimid ag lorg soiléireachta agus tacaíochta ó na ranna rialtais ábhartha maidir leis an gcaoi is fearr a fhreastalóimid ar na tiomantais sin.

► Gearáin agus Feidhmiúlacht chun Cleachtadh

Tá córais ghearán Chomhairle na nDochtúirí Leighis ceaptha chun aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna maidir le feidhmiúlacht dochtúirí chun cleachtadh d'fhonn an chosaint is fearr a sholáthar don phobal. Ní mór na córais sin a oibriú laistigh de chreat docht reachtach agus is féidir agóid dhlíthiúil a dhéanamh in aghaidh cinntí. Bítear ag brath ar dhaoine eile, ní hamháin maidir le fógra a thabhairt don Chomhairle Leighis faoi shaincheisteanna féideartha maidir le cleachtas dochtúirí, ach chun cuidiú leis agus an oifig seo agus a cuid oibre a éascú maidir lena bhfiosruithe éifeachtacha agus na breithnithe a dhéantar ar ghearáin agus fiosrúcháin. Tá baol leanúnach ann nach bhfuil Comhairle na nDochtúirí Leighis ar an eolas, nó nach bhfuil sí in ann beart a dhéanamh nó a cás a fhiosrú chomh tapa agus is mian léi.

Impleachtaí do 2019 - Leanfaidh Comhairle na nDochtúirí Leighis ar aghaidh ag dul i dteagmháil le fostóirí, ospidéal agus comhghleacaithe laistigh den chóras sláinte chun go dtabharfar aghaidh ar ábhair imní maidir le dochtúirí ar an leibhéal iomchuí laistigh den chóras sláinte, agus gur féidir leis an gComhairle tairbhe a bhaint as comhoibriú agus éifeachtúlacht ó gach páirtí nuair a bhíonn ábhar á fhiosrú aici. Cuirfear leasuithe reachtaíochta a moltar chun cinn i gcomhar leis an Roinn Sláinte d'fhonn a áirithiú go mbeidh an creat dlíthiúil a bheidh mar bhonn faoin gcóras gearán chomh láidir agus is féidir.

► Forbairt Ghairmiúil agus Cleachtas

Níl i gComhairle na nDochtúirí Leighis ach ceann amháin de na páirtithe iolracha a bhfuil baint acu le cúrsaí sláinte agus atá freagrach as sábháilteacht othar. Mar sin tá an baol ann go bhféadfadh daoine a cheapadh go bhfuil Comhairle na nDochtúirí Leighis freagrach go mícheart nó ina n-aonar as saincheisteanna sábháilteachta othar nuair a thagann siad chun cinn. Tá sé seo amhlaidh go háirithe sa chás ina bhfuil an raon feidhme mar atá sainmhínithe ag Acht na Lia-Chleachtóirí 2007 saintreorach agus follasach ina fheidhm rialála, agus mar sin nach bhfuil ann ach gné amháin maidir le sábháilteacht othar a chur chun cinn agus a choinneáil.


Baineann sé seo leis an chaoi a bhfostaíonn FSS dochtúirí mar Shainchomhairleoirí nach bhfuil ar Chlár na Speisialtóirí agus aithníodh é sin mar riosca sna cláir rioscaí Clárúcháin agus Cumarsáide araon. Ceist leanúnach is ea tuiscint shoiléir ar ról, sainchúram, feidhmeanna agus teorainneacha maidir le ról agus tionchar Chomhairle na nDochtúirí Leighis atá léirithe sa Chlár Rioscaí Corparáide, mar gheall ar a tionchar ar fud gach cuid den eagraíocht.

► Seirbhísí Corparáideacha / Chóiríocht Oifige


Tá tionchar díreach ag an méid spáis atá san áitreabh atá againn faoi láthair ar fhorbairt eagraíochtúil, a bhfuil impleachtaí oibriochtúla aige agus rioscaí aige i leith seasamh na heagraíochta amach anseo.

Lena chois sin, tá an riosca ar fud na heagraíochta ó thaobh oifige agus áiseanna cóiríochta sonraithe sa chlár riosca Soláthair & Áiseanna agus sa chlár riosca Corparáideach. Tá léirmheas á dhéanamh ar chóiríocht agus ceapadh Grúpa um Éadail Réadmhaoine chun athbhreithniú a dhéanamh ar an scéal lena chinntiú go mbeidh cóiríocht leordhóthanach agus oiriúnach dá feidhm ar fáil.

Catagóiriú na Rioscaí go léir ar an gclár Samhain 2018



Catagóiriú Rioscaí de réir ranganna Samhain 2018



Ba é 66 iomlán na míreanna ar Chlár Riosca Samhain 2018

Ráitis Airgeadais

Comhaltaí na Comhairle agus Faisnéis Eile	35-36
Ráiteas faoi Rialachas agus Chomhaltaí na Comhairle	37-45
Ráiteas faoi Rialú Inmheánach	48
Tuarascáil an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste	50
Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas agus ar Chúlchistí Ioncaim Coinnithe	52
Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach	53
Ráiteas ar an Staid Airgeadais	54
Ráiteas ar Shreafaí Airgid	55
Nótaí a Ghabhann leis na Ráitis Airgeadais	56

Comhaltaí na Comhairle agus Faisnéis Eile

Eanáir- Bealtaine 2018

Uachtarán	An tOllamh Freddie Wood	
Leasuachtarán	An Dr Anthony Breslin	
An Príomhoifigeach Feidhmiúcháin	An tUasal William Prasifka	
An Chomhairle	An tOllamh Freddie Wood	An tUasal Seán Hurley
	An Dr Audrey Dillon	An tOllamh Alan Johnson
	An Dr Anthony Breslin	An tUasal John Nisbet
	An tUasal Katharine Bulbulia	An tOllamh Mary Leader
	An tUasal Anne Carrigy	An tOllamh Colm O'Herlihy
	An Dr Seán Curran	An Dr Michael Ryan
	An Dr Rita Doyle	An tUasal Cornelia Stuart
	An tUasal Mary Duff	An Dr Bairbre Golden
	An tOllamh Fidelma Dunne	An tUasal Fergus Clancy
	An Dr Ruairi Hanley	An tUasal Catherine McKenna
	An tUasal Tom O'Higgins	An Dr John Barragry
	An tUasal Vicky Blomfield	An tUasal Margaret Murphy

Cuireadh tús leis an téarma oifige reatha Chomhairle na nDochtúirí Leighis ar an 1 Meitheamh 2013 nuair a ghlac an 8ú Comhairle oifig.

Oifigí	Teach Kingram, Plás Kingram, Baile Átha Cliath 2
Iníúcháirí	An tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste 3A Sráid an Mhéara Uachtarach Baile Átha Cliath 1
Baincéirí	Banc na hÉireann Bóthar Ráth Maonais Ráth Maonais Baile Átha Cliath 6
Dlíodóirí	McDowell Purcell Foirgneamh Chéipil Mainistir Mhuire Baile Átha Cliath 7

Comhaltaí na Comhairle agus Faisnéis Eile

Meitheamh - Nollaig 2018

Uachtarán	An Dr Rita Doyle	
Leasuachtarán	An Dr Anthony Breslin	
An Príomhoifigeach Feidhmiúcháin	An tUasal William Prasifka	
An Chomhairle	An Dr Rita Doyle An Dr Anthony Breslin An Dr John Barragry An tUasal Teresa Bulfin An Dr Thomas Crotty An Dr Suzanne Crowe An Dr Marcus De Brún An tUasal John Gleeson An tUasal Mary Duff An tOllamh Fidelma Dunne An tUasal Paul Harkin An tOllamh John Hyland An tOllamh Mary Leader	An tUasal Alison Lindsay An tOllamh Marina Lynch An Dr Erica McGuire An tUasal Margaret Murphy An Dr. Maeve Moran An Dr Aoife Mullally An tUasal Joe O'Donovan An tUasal Tom O'Higgins An tUasal Jim O'Sullivan An tOllamh Mary O'Sullivan An tUasal Catherine McKenna An tUasal Vicky Blomfield
Cuireadh tús leis an téarma oifige reatha Chomhairle na nDochtúirí Leighis ar an 15 Meitheamh 2018 nuair a ghlac an 9ú Comhairle oifig.		

Ráiteas faoi Rialachas agus Chomhaltaí na Comhairle

Rialachas

Bunaíodh Comhairle na nDochtúirí Leighis faoi Acht na Lia-Chleachtóirí 1978 (arna thabhairt cothrom le dáta i 2007). Tá feidhmeanna na Comhairle leagtha amach in alt 7 den Acht sin. Tá an Chomhairle freagrach don Aire Sláinte agus tá sí freagrach as dea-rialachas a chinntiú agus feidhmíonn sí an tasc sin trí chuspóirí agus spriocanna straitéiseacha a cheapadh agus trí chinntí straitéiseacha a dhéanamh maidir le gach príomh-shaincheist ghnó. Is iad an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin (POF) agus lucht na hardbhainistíochta atá freagrach as bainistiú, rialú agus treorú laethúil Comhairle na nDochtúirí Leighis. Ní mór don POF agus do lucht na hardbhainistíochta an treo straitéiseach leathan atá ceaptha ag an gComhairle a leanúint, agus ní mór dóibh a chinntiú go mbíonn tuiscint shoiléir ag comhaltaí uile na Comhairle ar na príomhghníomhaíochtaí agus príomhchinntí a bhaineann leis an aonán, agus ar aon rioscaí suntasacha a d'fhéadfadh teacht chun cinn. Feidhmíonn an POF mar oifigeach díreach idirchaidrimh idir an Chomhairle féin agus lucht bainistíochta Chomhairle na nDochtúirí Leighis.

Freagrachtaí na Comhairle

An obair agus freagrachtaí na Comhairle leagtha amach sa Chreat Rialachais agus sna Téarmaí Tagartha, ina bhfuil cur síos freisin ar na hábhair a fhorchoimeádtar go sonrach le haghaidh cinnidh ón gComhairle. I measc na mbuanmhíreanna a bhreithníonn an Chomhairle tá:

- ▶ nochtadh leasanna,
- ▶ tuairiscí ó choistí,
- ▶ tuairiscí airgeadais/cuntais an lucht bainistíochta,
- ▶ tuairiscí feidhmíochta, agus,
- ▶ ábhair fhorchoimeádtar.

Éilíonn Alt 32 d'Acht na Lia-Chleachtóirí 2007 ar an gComhairle gach gnáthchuntas cuí ar airgead a fhaigheann sé agus a chaitheann sé, a choinneáil i cibé foirm a ordóidh an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, le toiliú an Aire Airgeadais.

Ceanglaítear ar an gComhairle na nithe seo a leanas a dhéanamh agus na ráitis airgeadais sin á n-ullmhú:

- ▶ beartais chuntasaíochta chuí a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach
- ▶ breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh atá réasúnta agus stuama
- ▶ na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn gnóthais leantaigh mura bhfuil sé míchuí glacadh leis go leanfaidh an Chomhairle ar aghaidh ag feidhmiú;
- ▶ A shonrú cé acu ar cloíodh leis na caighdeáin bhainteacha chuntasaíochta, faoi réir aon imeacht ábhartha a nochtadh agus a bhfuil míniú tugtha air sna ráitis airgeadais

Tá an Chomhairle freagrach as leabhair chuntas iomchuí a choimeád ina nochtar le cruinneas réasúnach ag aon tráth staid airgeadais Chomhairle na nDochtúirí Leighis agus a chuirfidh ar a cumas a chinntiú go gcomhlíonann na ráitis airgeadais Alt 32 d'Acht na Lia-Chleachtóirí 2007.

Tá an Chomhairle freagrach as an bplean bliantúil agus as an mbuiséad bliantúil a fhaomhadh. Rinneadh measúnú ar fheidhmíocht Chomhairle na nDochtúirí Leighis i Mí Feabhra 2019 trí thagairt don phlean bliantúil agus don bhuiséad.

Tá an Chomhairle freagrach freisin as a sócmhainní Chomhairle na nDochtúirí Leighis a chosaint agus, dá bhrí sin, as céimeanna réasúnacha a ghlacadh chun calaois agus neamhrialtachtaí eile a bhrath agus a chosc.

Measann an Chomhairle go dtugtar léargas fírinneach, cóir i ráitis airgeadais Chomhairle na nDochtúirí Leighis ar fheidhmíocht airgeadais agus staid airgeadais Chomhairle na nDochtúirí Leighis amhail an 31 Nollaig 2018.

Ráiteas faoi rialachas agus

Tuairisc faoi Chomhaltaí na Comhairle (ar lean)

Struchtúr na Comhairle

Tá an Chomhairle comhdhéanta d’Uachtarán, Leas-Uachtarán agus fiche trí ghnáthchomhalta, a gceapann an tAire Sláinte gach duine acu. Ceapadh formhór comhaltaí na Comhairle i gcomhair téarma cúig bliana ach ceapadh cuid acu i gcomhair téarma trí bliana. Tagann an Chomhairle le chéile gach dara mí. Sonraítear sa tábla thíos téarma ceapacháin na gcomhaltaí reatha:

Comhalta den Chomhairle	Ról	Ceapadh
An Dr Rita Doyle	Uachtarán	15/06/2018
An Dr Anthony Breslin	Leasuachtarán	15/06/2018
An Dr John Barragry	Gnáthchomhalta	15/06/2018
An tUasal Vicky Blomfield	Gnáthchomhalta	15/06/2018
An Dr Erica McGuire	Gnáthchomhalta	15/06/2018
An tUasal Tom O’Higgins	Gnáthchomhalta	15/06/2018
An tUasal Catherine McKenna	Gnáthchomhalta	15/06/2018
An tOllamh John Hyland	Gnáthchomhalta	15/06/2018
An tOllamh Mary O’Sullivan	Gnáthchomhalta	15/06/2018
An tUasal Teresa Bulfin	Gnáthchomhalta	15/06/2018
An Dr Thomas Crotty	Gnáthchomhalta	15/06/2018
An Dr Suzanne Crowe	Gnáthchomhalta	15/06/2018
An Dr. Marcus De Brun	Gnáthchomhalta	15/06/2018
An tUasal John Gleeson	Gnáthchomhalta	15/06/2018
An tUasal Mary Duff	Gnáthchomhalta	15/06/2018
An tOllamh Fidelma Dunne	Gnáthchomhalta	15/06/2018
An tUasal Paul Harkin	Gnáthchomhalta	15/06/2018
An tUasal Jim O’Sullivan	Gnáthchomhalta	15/06/2018
An tUasal Alison Lindsay	Gnáthchomhalta	15/06/2018
An tOllamh Marina Lynch	Gnáthchomhalta	15/06/2018
An tUasal Margaret Murphy	Gnáthchomhalta	15/06/2018
An Dr. Maeve Moran	Gnáthchomhalta	15/06/2018
An Dr Aoife Mullally	Gnáthchomhalta	15/06/2018
An tUasal John Murray	Gnáthchomhalta	15/06/2018
An tUasal Joe O’Donovan	Gnáthchomhalta	15/06/2018

Chríochnaigh Comhairle na nDochtúirí Leighis 2013-2018 a téarma i Mí na Bealtaine 2018 agus cuireadh tús le téarma na Comhairle nua i mí an Mheithimh 2018. Rinne an Chomhairle nua athbhreithniú ar Choistí Chomhairle na nDochtúirí Leighis agus cuireadh athstruchtúrú i bhfeidhm i gcásanna áirithe chun feabhas a chur ar éifeachtacht agus ar éifeachtúlacht na gCoistí.

Ráiteas faoi rialachas agus Tuairisc faoi Chomhaltaí na Comhairle (ar lean)

Bhunaigh Comhairle na nDochtúirí Leighis deich gCoiste, mar seo a leanas:

1. An Coiste Iniúcháireachta, Airgeadais agus Riosca

Tionóladh 3 chruinniú i 2018

Bhí an Coiste Iniúcháireachta, Straitéise & Riosca faoi chathaoirleacht go dtí deireadh théarma 2018 an Uasail Seán Hurley agus rinne siad monatóireacht ar shláine na ráiteas airgeadais, rinne athbhreithniú ar na córais rialaithe agus bhainistíochta riosca inmheánach agus threoraigh ar fhorbairt airgeadais Chomhairle na nDochtúirí Leighis. Bhí ochtar comhaltaí na Comhairle agus beirt chomhaltaí sheachtracha ar an gCoiste. Bhí dhá chruinniú ag an gCoiste go dtí Mí an Mheithimh 2018.

Tar éis ceapadh na Comhairle nua i mí an Mheithimh 2018, athainmníodh an Coiste agus tugadh an Coiste Iniúcháireachta, Airgeadais agus Riosca air. Ceapadh an tUasal Joe O'Donovan mar Chathaoirleach agus ghlacadh le prionsabail an Choiste a bhí ann roimhe. Tá ochtar comhaltaí na Comhairle agus beirt chomhaltaí sheachtracha ar an gCoiste nua. Tháinig an Coiste le chéile uair amháin sa dara leath den bhliain. Tá cúigear comhaltaí na Comhairle agus triúr comhaltaí sheachtracha ar an gCoiste anois.

2. An Coiste Réamhimeachtaí

Tionóladh 9 gcruinniú i 2018

Bunaíodh an Coiste Réamhimeachtaí faoi Alt 20(2) d'Acht na Lia-Chleachtóirí 2007 chun gearáin thosaigh a bhreithniú agus bhí an tUasal Anne Carrigy ina chathaoirleach air. Bhí seisear comhaltaí na Comhairle agus deichniúr comhaltaí sheachtracha ar an gCoiste ag an am sin. Tionóladh cúig chruinniú den Choiste sa bhliain 2018 i rith téarma na Comhairle 2013 – 2018. Faoin Chomhairle nua, ghlac an Dr Thomas Crotty le post an Chathaoirleach agus tá naonúr comhaltaí na Comhairle agus naonúr comhaltaí sheachtracha ar an gCoiste. Tháinig an coiste leasaithe le chéile ceithre huair i rith téarma na Comhairle nua.

3. An Coiste um Fheidhmiúlacht chun Cleachtadh

Ceapadh an Coiste um Fheidhmiúlacht chun Cleachtadh faoi Alt 20(2) d'Acht na Lia-Chleachtóirí 2007 chun gearáin a fhiosrú agus bhí an Dr Michael Ryan ina chathaoirleach air go dtí deireadh théarma na Comhairle i 2018. Éistean Painéal um Fheidhmiúlacht chun Cleachtadh na fiosruithe. Triúr atá ar an bPainéal, beirt chomhalta neamh-leighis agus dochtúir amháin. Tá Cathaoirleach an Phainéil Fhiosrúcháin ina c(h)omhalta de Chomhairle na nDochtúirí Leighis agus tá sé/sí freagrach as a chinntiú go ndéantar an fiosrúchán a reáchtáil de réir nósanna imeachta córa. Tar éis don Chomhairle nua a bheith ceaptha i Mí an Mheithimh 2018 ghlac an tUasal Mary Duff le post an Chathaoirleach. Cé nár reáchtáladh aon chruinnithe coiste, rinneadh 12 Fhiosrúchán i rith téarma na sean-Chomhairle agus 21 Fhiosrúchán i ndiaidh Meitheamh 2018. Den 33 Fhiosrúchán, sin tá 29 críochnaithe agus ceithre cinn eile curtha ar atráth faoi láthair.

4. An Coiste Clárúcháin agus um Chleachtas Leanúnach

Tionóladh 4 chruinniú i 2018

Is é an chuid is tábhachtaí de ról na Comhairle Clár na Lia-Chleachtóirí a choinneáil agus nuair a chuirtear ainmneacha dochtúirí air bíonn cead acu leigheas a chleachtadh in Éirinn. Bhí an Dr Anthony Breslin ina chathaoirleach ar an gCoiste Clárúcháin agus um Chleachtas Leanúnach faoin sean-Chomhairle agus tá sé fós ina chathaoirleach air faoin gComhairle reatha. Tugann sé comhairle don Chomhairle maidir le beartas agus faoi chreataí reachtúla a rialaíonn daoine a chur ar an gclár agus faoi chlárú leanúnach dochtúirí. Bhíodh cúigear comhaltaí den Chomhairle agus seachtar comhaltaí sheachtracha ar an gCoiste faoin gComhairle roimhe seo ach tar éis athbhreithniú an Choiste fónann ceathrar comhaltaí den Chomhairle air anois agus seisear comhaltaí sheachtracha. Tionóladh trí chruinniú den Choiste roimh Meitheamh 2018, agus cruinniú amháin i rith téarma na Comhairle nua.

Ráiteas faoi rialachas agus Tuirisc faoi Chomhaltaí na Comhairle (ar lean)

5. An Coiste um Oideachas, Oiliúint agus Forbairt Ghairmiúil /An Coiste Oideachais agus Oiliúna

Tionóladh 4 chruinniú i 2018

Is é an Coiste um Oideachas, Oiliúint agus Forbairt Ghairmiúil a mhaoirsíonn riachtanais oiliúna dhochtúirí an lae amárach agus riachtanais ó thaobh oideachas leanúnach na ndaoine atá cláraithe faoi láthair. Ba é an Dr Colm O'Herlihy a bhí ina chathaoirleach ar an gCoiste go deireadh Théarma na Comhairle i mí na Bealtaine 2018. Bhíodh seisear comhaltaí na Comhairle agus ceathrar comhaltaí seachtracha ar an gCoiste. Tionóladh trí chruinniú den choiste i 2018.

Tar éis don Chomhairle nua a bheith ceaptha, ceapadh an Dr Aoife Mullally mar Chathaoirleach an Choiste agus tugadh An Coiste Oideachais agus Oiliúna mar ainm nua air. Tháinig siad le chéile uair amháin i 2018. Leanann an Coiste ar aghaidh ag díriú ar oideachas leanúnach leighis.

6. An Coiste Eitice agus Gairmiúlachta

Tionóladh 2 chruinniú i 2018

Bunaíodh an Coiste Eitice agus Gairmiúlachta chun tacú le hobair na Comhairle ó thaobh tacú leis an ngairm cloí leis an gcleachtas idirnáisiúnta leighis is fearr. Bhí an Dr Audrey Dillon ina cathaoirleach ar an gCoiste. Bhí ochtar comhaltaí na Comhairle agus triúr comhaltaí seachtracha ar an gCoiste. Bhí dhá chruinniú ag an gCoiste i 2018 agus foirceannadh é mar aon leis an sean-Chomhairle. Níor athbhunaíodh an Coiste le haghaidh téarma 2018 - 2023 na Comhairle nua ach bunaíodh Grúpa Oibre um Eitic chun na hathruithe ar an 8ú Leasú a mheas agus féachaint cad iad na torthaí a bheadh aige ar an Treoir Eitice.

7. An Coiste Straitéise agus Rialachais

Tionóladh 4 chruinniú i 2018

